



An Bhruiséil, 4 Iúil 2024
(OR. en)

10946/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0206(COD)**

**CODEC 1487
PECHE 234
PE 178**

NÓTA FAISNÉISE

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 – An toradh ar an gcéad léamh i bParlaimint na hEorpa (An Bhruiséil, 10 Aibreán 2024)

I. RÉAMHRÁ

Bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla ann idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhoneacht ar chomhaontú faoin gcomhad seo ar an gcéad léamh.

Sa chomhthéacs sin, thíolaic Cathaoirleach an Choiste um Iascach (PECH), Pierre KARLESKIND (RE, FR), thar ceann PECH leasú comhréitigh (leasú uimhir 61) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin, ar ullmhaigh Francisco GUERREIRO (na Glasaigh/SCE, PT) dréacht-tuarascáil ina leith. Is le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas a comhaontaíodh an leasú sin. Níor cuireadh aon leasuithe eile síos.

Bhíothas ag súil go rachadh an comhad sin faoi réir an nós imeachta ceartúcháin² i bParlaimint na hEorpa tar éis don tseanPharlaimint a seasamh a ghlacadh sa chéad léamh.

II. VÓTÁIL

Nuair a vótáil an suí iomlánach an 10 Aibreán 2024, ghlac sé an leasú comhréitigh (leasú 61, gan athbhreithniú dlítheangeolaíoch) ar an togra thuasluaite le haghaidh Rialacháin.

Tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur ar an téacs a ghlacadh, tharchuir Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh chuig an gComhairle an 2 Iúil 2024, seasamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo é³.

Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann an seasamh ón bParlaimint a fhormheas.

D'fhéadfaí an gníomh a ghlacadh ina dhiaidh sin san fhoclaíocht a fhreagraíonn don seasamh ón bParlaimint.

¹ 10819/24.

² Riail 241, Rialacha Nós Imeachta PE.

³ Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a léiriú a rinneadh de bharr na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún. Is le **cló trom agus cló iodálach** a aibhsítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Is leis an tsiombail ‘**■**’ a léirítear téacs a scriosadh.

P9_TA(2024)0199

Bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 (COM(2023)0362 – C9-0221/2023 – 2023/0206(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

- ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0362),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0221/2023),
 - ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Meán Fómhair 2023¹,
 - ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhorghas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 14 Feabhra 2024 go ndéanfaidh sí seasamh Parlaimint na hEorpa a fhorghas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,
 - ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,
 - ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0004/2024),
1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;
 2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;
 3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

¹ IO C, C/2023/871, 8.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/871/oj>.

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 10 Aibreán 2024 d'fhonn go nglacfaí Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe, bainistithe agus rialaithe is infheidhme sa limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus *Rialacháin* (CEE) Uimh. 1899/85 agus (CEE) Uimh. 1638/87 ón gComhairle*

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach²,

* CUIREADH BAILCHRÍOCH DHLÍTHEANGEOLAÍOCH PHÁIRTEACH AR AN TÉACS.

¹ Tuairim an 20 Meán Fómhair 2023 (IO C, C/2023/871, 8.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/871/oj>).

² Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is ceann de chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle³, a áirithiú go ndéanfar acmhainní bitheolaíocha na mara a shaothrú ar bhealach ina soláthrófar tairbhí inbhuanaithe eacnamaíocha, comhshaoil agus sóisialta. ***Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 28 den Rialachán sin, ní mór don Aontas a áirithiú go mbeidh a ghníomhaíochtaí iascaireachta lasmuigh d'uisce an Aontais bunaithe ar na prionsabail agus na caighdeáin chéanna is infheidhme faoi dhlí an Aontais i réimse CBI, agus cothrom iomaíochta á chur chun cinn d'oibreoirí an Aontais i leith oibreoirí tríú tír.***
- (2) Le Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle⁴, d'fhormheas an tAontas Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Le Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle⁵, d'fhormheas an tAontas an Comhaontú maidir le cur chun feidhme an Choinbhinsiúin sin a bhaineann le caomhnú agus bainistíocht stoc éisc traslimistéir agus stoc éisc mór-imirceach, ina bhfuil prionsabail agus rialacha maidir le caomhnú agus bainistíocht acmhainní bitheolaíocha na mara. Faoi chuimsiú na n-oibleagáidí idirnáisiúnta eile atá air, bíonn an tAontas rannpháirteach sna hiarrachtaí a dhéantar ar an Mórmhuir stoic éisc a chaomhnú.

³ Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

⁴ Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 lena bhformheastar go dtabharfaidh an Comhphobal Eorpach i gcrích [...] Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus Comhaontú an 28 Iúil [...] 1994 a bhaineann le cur chun feidhme Chuid XI de (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1).

⁵ Cinneadh 98/414/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 1998 maidir le daingniú ag an gComhphobal Eorpach an Chomhaontaithe maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a chur chun feidhme (IO L 189, 3.7.1998, lch. 14).

- (3) Le Cinneadh 81/608/CEE ón gComhairle⁶, d'fhormheas Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa an Coinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh ('Coinbhinsiún NEAFC'), lenar bunaíodh an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC). Formheasadh leasuithe 2004 agus 2006 ar Choinbhinsiún NEAFC le Cinneadh 2009/550/CE ón gComhairle⁷. Tháinig na leasuithe sin i bhfeidhm go foirmiúil an 29 Deireadh Fómhair 2013, cé gur comhaontaíodh, i gcomhréir le Dearbhú 2005 maidir le Léirmhíniú agus Cur Chun Feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (Dearbhú London), na leasuithe a chur chun feidhme ar bhonn sealadach ó dháta a nglactha, go dtí go dtiocfaidís i bhfeidhm.
- (4) Is é is aidhm do Choinbhinsiún NEAFC caomhnú fadtéarmach na n-acmhainní iascaigh sa limistéar faoina raon feidhme ('Limistéar an Choinbhinsiúin') agus an úsáid is fearr is féidir a bhaint astu a áirithiú, rud lena gcuirfear sochair inbhuanaithe eacnamaíocha, chomhshaoil agus shóisialta ar fáil. Chuige sin, tá sé d'údarás ag ■ NEAFC ■ cinntí atá ceangailteach ó thaobh dlí a ghlacadh ('moltaí') maidir le caomhnú, bainistiú agus rialú na n-acmhainní iascaigh atá faoina chúram. Is ar na Páirtithe Conarthacha i gCoinbhinsiún NEAFC ('na Páirtithe Conarthacha') go háirithe a bhíonn na moltaí sin dírithe, ach cuirtear oibleagáidí ar oibreoirí cosúil le máistrí soithí leo chomh maith. Féadfaidh na bearta sin a bheith ina gceangal ar an Aontas agus, i gcás an Aontais, beidh siad le cur chun feidhme i ndlí an Aontais a mhéid nach gcumhdaítear iad cheana le dlí an Aontais.

⁶ Cinneadh 81/608/CEE ón gComhairle an 13 Iúil 1981 maidir leis an gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a thabhairt i gerích (IO L 227, 12.8.1981, lch. 21).

⁷ Cinneadh 2009/550/CE ón gComhairle an 5 Márta 2009 maidir le formheas leasuithe ar an gCoinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh lena gceadaítear nósanna imeachta um réiteach díospóidí a bhunú, raon feidhme an Choinbhinsiúin a leathnú agus athbhreithniú ar chuspóirí an Choinbhinsiúin (IO L 184, 16.7.2009, lch. 12).

- (5) Le Moladh 19:2014 ó NEAFC, bunaítear bearta chun éiceachórais leochaileacha mhuirí a chosaint trí limistéir ina bhfuil cosc ar iascaireacht ghrinnill, limistéir iascaireachta grinnill atá ann cheana agus na ceanglais maidir le hiascaireacht thaiscéalaíoch a chinneadh. Cuireadh codanna áirithe den Mholadh sin chun feidhme i ndlí an Aontais le Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁸. Is iomchuí, dá bhrí sin, go n-áiritheofar leis an Rialachán seo go ndéanfar an Moladh sin ina iomláine a chur chun feidhme ina iomláine i ndlí an Aontais, ***ag tabhairt dá haire, de bhun Mholadh 19:2014, gur féidir leis an Aontas a mholadh do NEAFC deireadh a chur le limistéir áirithe nó iad a leasú, ar réimsí iad ina dtugann an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) le fios nach meastar gur dócha go mbeidh drochthionchair shuntasacha ar éiceachórais mhuirí leochaileacha sna limistéir sin.***
- (6) Ghlac NEAFC Moltaí 01:2023 agus 04:2023 freisin lena mbunaítear limistéir choiscthe maidir le péirsí mara i Muir Irminger agus cadóga Rocal. Ba cheart na Moltaí sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

⁸ Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 105).

- (7) I gcás iascach áirithe, níl NEAFC in ann moltaí ábhartha a ghlacadh[...]. Mar sin féin, ba cheart bearta caomhnaithe a ghlacadh i gcomhréir le seasaimh an Aontais a chuirtear in iúl in NEAFC chun tairbhí caomhnaithe a áirithiú le haghaidh na stoc sin.
- (8) Achtaíodh cur chun feidhme deireanach na mbeart rialaithe a ghlac NEAFC i ndlí an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹. Ó shin, leasaigh NEAFC roinnt beart atá i bhfeidhm cheana agus ghlac sé bearta nua nár cuireadh chun feidhme go fóill i ndlí an Aontais. Baineann sé sin go háirithe le bearta rialaithe faoi Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC ('Scéim NEAFC').

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2010 lena leagtar síos scéim rialúcháin agus forfheidhmiúcháin a mbeidh feidhm aici sa limistéar atá cumhdaithe ag an gCoinbhinsiún um chomhar iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2791/1999 ón gComhairle (IO L 348, 31.12.2010, lch. 17).

- (9) Is éard atá i Scéim NEAFC moladh lena mbunaítear bearta rialúcháin agus forfheidhmiúcháin is infheidhme maidir le soithí a bhfuil bratach na bPáirtithe Conarthacha ar foluain acu agus atá ag oibriú in uiscí Limistéar an Choinbhinsiúin atá lasmuigh de na huiscí faoi dhlínse iascach na bPáirtithe Conarthacha ('an Limistéar Rialála'), socruithe maidir le nósanna imeachta cigireachta agus faireachais ar muir sa Limistéar Rialála, agus nósanna imeachta i gcás sárú nach mór do na Páirtithe Conarthacha a chur chun feidhme. Cuimsítear léi bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le Limistéar an Choinbhinsiúin, lena gcumhdaítear uiscí atá faoi dhlínse na bPáirtithe Conarthacha, amhail ceanglais maidir le lipéadú i gcomhair éisc reoite. Foráiltear le Scéim NEAFC freisin maidir le córas um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt is infheidhme maidir le soithí iascaireachta de chuid na bPáirtithe Conarthacha a bhfuil acmhainní iascaigh ó Limistéar an Choinbhinsiúin ar bord acu agus a bhfuil sé beartaithe acu cuairt a thabhairt ar chalafoirt de chuid Páirtí Conarthach eile. Leis an gcóras sin, ceanglaítear ar an oibreoir réamhfhógra a thabhairt, a bheidh le fíorú ag an bPáirtí Conarthach brataí, sula ndeonóidh Stát an chalafoirt an t-údarú le gabhálacha a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú nó seirbhísí calafoirt eile a úsáid.
- (10) Le Moladh 19:2019 ó NEAFC, tugadh isteach córas leictreonach tuairiscithe chun sonraí a chur in iúl idir na Páirtithe Conarthacha agus Rúnaíocht NEAFC ar bhonn chaighdeán FLUX NA/CEFACT maidir le bainistiú inbhuanaithe iascaigh. Baineann tabhairt isteach an chaighdeáin sin le teacht i bhfeidhm Scéim nua Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin NEAFC. Is gá an Moladh sin a chur i bhfeidhm i ndlí an Aontais.

- (11) In 2022 thionóil an tAontas, an Ghraonlainn, an Íoslainn, an Iorua, Oileáin Fharó agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin maidir le bearta rialaithe le haghaidh iascaigh pheiligeacha áirithe san Atlantach Thoir Thuaidh. Tugadh na comhairliúcháin sin i gcrích i mí na Samhna 2022, ar bhonn sheasamh an Aontais a d'fhormhuinigh an Chomhairle an 14 Deireadh Fómhair 2022. Ba cheart na bearta a comhaontaíodh sna comhairliúcháin sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. I gcomhréir le comhaontú na bPáirtithe sna comhairliúcháin iascaigh sin, ba cheart cur i bhfeidhm beart áirithe a chur siar chun foráil a dhéanamh maidir le ham leordhóthanach don chur chun feidhme. *Ní bhainfear amach cuspóirí na mbeart sin ina n-iomláine mura mbíonn na páirtithe uile sna comhairliúcháin ábhartha iascaigh lántiomanta do phrionsabail bhainistiú inbhuanaithe na stoc éisc, don chomhar frithpháirteach agus do staonadh ó bhearta iascaigh aontaobhacha a ghlacadh.*
- (12) *I saoráidí tabhairt i dtír agus próiseála ina ndéantar níos mó ná 3 000 tona de stoic pheiligeacha áirithe a mheá in aghaidh na bliana féilire agus ina ndéantar gabhálacha os cionn 10 dtona de na stoic sin a thabhairt i dtír, agus ar an gcaoi sin gan iascaireacht chósta agus cheardaíochta ar mhionscála a chur san áireamh, níor cheart faireachán trí theicneolaíochtaí ceamara agus braiteora a dhéanamh ach ar thabhairt i dtír agus ar mheá gabhálacha os cionn 10 dtona. . Ba cheart gach tabhairt i dtír a chomhaireamh chun an tairseach 3 000 tona a chinneadh. Ba cheart do na Ballstáit liosta na gcalafort a chomhlíonann na coinníollacha sin a chur ar fáil go poiblí. Ba cheart go dtabharfaí an chumhacht don Choimisiún na tairseacha sin agus na modhanna lena ríomh a choigeartú má dhéantar coigeartuithe agus beachtuithe ar na gnéithe sin i gcomhaontuithe a dhéanfar amach anseo idir Stáit chósta nó faoi chuimsiú NEAFC.*

- (13) *Féadfaidh tacaíocht faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe a bunaidh le Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁰ dul chun tairbhe do chur chun feidhme cianfhaireacháin ar theacht i dtír.*
- (14) Ba cheart caitheamh le sonraí pearsanta arna bpróiseáil faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) 2016/679¹¹ agus (AE) 2018/1725¹² ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Chun comhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú, ba cheart sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis na sonraí ábhartha a fháil. I gcás ina bhfuil gá leis na sonraí pearsanta atá i gceist chun obair leantach a dhéanamh ar ghearáin, ar sháruithe nó ar nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin, ba cheart na Ballstáit agus an Coimisiún a bheith in ann sonraí áirithe a choinneáil go dtí deireadh na n-imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha lena mbaineann nó go dtí an t-am is gá chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Thairis sin, ba cheart coimircí in aghaidh mí-úsáide, lena n-áirítear scriosadh de thaisme nó neamhdhleathach nó cailteanas de thaisme, athrú, nochtadh neamhúdaraíthe nó rochtain neamhúdaraíthe, a leagan síos i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2016/679 agus 2018/1725.

¹⁰ Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

¹¹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

¹² Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

- (15) Chun moltaí NEAFC amach anseo lena leasófar nó lena bhforlíonfar na moltaí dá dtagraítear sa Rialachán seo a chur chun feidhme go pras i ndlí an Aontais, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil le forálacha a leasú a bhaineann le nósanna imeachta um fhógra a thabhairt faoi phointí teagmhála, fógraí agus údaruithe soithí iascaireachta a tharchur, ■ trasloingsithe a chur in iúl, um theachtairachtaí a chur chuig Rúnaíocht NEAFC, tuairisciú domhanda ar ghabhálacha agus ar iarracht iascaireachta, fógra a thabhairt maidir le himlonnú soithí cigireachta agus aerárthaí, fógraí a thabhairt faoi sháruithe, faireachas[...], agus[...] um fhógra a thabhairt faoi sháruithe; ceanglais maidir le pleananna stuála, liosta d'acmhainní rialáilte, speicis ar táscairí éiceachórais leochailigh mhuirí (ÉMLanna) iad, comhordanáidí na limistéar iascaireachta grinnill atá ann cheana, bearta teicniúla is infheidhme sa Limistéar Rialála; eilimintí sonraí na dteachtairachtaí, an lámhleabhair táirgthe, an lámhleabhair leictreonaigh iascaireachta agus na dtuarascálacha don chalafoirt ina dtugtar gabháil i dtír; formáidí tarchurtha sonraí, nósanna imeachta i gcomhair ionaid faireacháin iascaigh chun teachtairachtaí a bhailíochtú de láimh; eilimintí sonraí maidir le fógra a thabhairt do chigirí agus d'ardáin iniúchta, gníomhaíochtaí faireachais agus tuarascálacha faireachais agus amhairc; teimpléid tuarascála cigireachta, rialacha maidir le tógáil agus úsáid dréimírí bordála, eilimintí sonraí maidir le fógra a thabhairt faoi ainmniú calafort; agus teimpléid na bhfoirmeacha um rialú arna dhéanamh ag stát an chalafoirt.
- (16) Chun bearta a bheidh ann amach anseo a chur chun feidhme go pras i ndlí an Aontais, ar bearta iad a d'fhormhuinigh an tAontas agus Stáit chósta eile de chuid an Atlantaigh Thoir Thuaidh i gcomhairliúcháin a bhaineann le hiascaigh pheiligeacha áirithe a rialú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 CFAE a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i ndáil le forálacha leasaitheacha a bhaineann le srianta ar shoithí peiligeacha maidir le láimhseáil agus scaoileadh gabhálacha, maoluithe ar an toirmeasc ar threalamh grádúcháin uathoibríoch a úsáid agus forálacha maidir le bogadh ar aghaidh.

- (17) Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹³. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (18) Is le Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85¹⁴ agus (CEE) Uimh. 1638/87¹⁵ ón gComhairle, **chomh maith le** hIarscríbhinn XII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241, a rinneadh bearta caomhnaithe agus bainistíochta NEAFC is infheidhme sa Limistéar Rialála a chur chun feidhme i ndlí an Aontais an uair dheireanach. Ar mhaithe le soiléireacht, simpliú agus deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 agus (CEE) Uimh. 1638/87 agus Airteagal 5, pointe (h), agus Caibidil VI de Rialachán (AE) 2019/1241 agus Iarscríbhinn XII a ghabhann leis a scriosadh agus forálacha an Rialacháin seo a chur ina n-ionad[...].

¹³ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

¹⁴ Rialachán (CEE) Uimh. 1899/85 ón gComhairle an 8 Iúil 1985 lena mbunaítear mogallmhéid íosta i gcomhair líonta a úsáidtear agus caibealláin á n-iascach sa chuid sin de limistéar an Choinbhinsiúin maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a shíneann thar na huiscí muirí atá faoi dhlínse iascaigh na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún (IO L 179, 11.7.1985, lch. 2).

¹⁵ **Rialachán (CEE) Uimh. 1638/87 ón gComhairle an 9 Meitheamh 1987 lena socraítear mogallmhéid íosta i gcomhair tráil pheiligeacha a úsáidtear agus faoitíní gorma á n-iascach sa chuid sin den limistéar a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún maidir le Comhoibriú Iltaobhach sa Todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh a shíneann thar na huiscí muirí atá faoi dhlínse iascaigh na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún (IO L 153, 13.6.1987, lch. 7).**

- (19) Ar na cúiseanna céanna, ba cheart Airteagail 54b agus 54c de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle¹⁶ ina bhfuil bearta rialaithe áirithe i gcomhair iascaigh pheiligeacha a scriosadh agus forálacha an Rialacháin seo a chur ina n-ionad.
- (20) Cuireadh bearta rialaithe NEAFC chun feidhme go deireanach i ndlí an Aontais le Rialachán (AE) Uimh. 1236/2010. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán sin a aisghairm agus an Rialachán seo a chur ina ionad.
- (21) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

¹⁶ Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009 lena mbunaítear córas rialaithe Aontais chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006. (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008 agus (CE) Uimh. 1342/2008 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006 (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

TEIDEAL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar

1. Leis an Rialachán seo:

- (a) leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta agus cuirtear chun feidhme i ndlí an Aontais na leasuithe ar an Scéim Rialúcháin agus Forfheidhmiúcháin arna glacadh ag an gCoimisiún um Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh ('Scéim NEAFC');
- (b) bunaítear bearta i gcomhair iascaigh pheiligeacha áirithe i Limistéar an Choinbhinsiúin agus in uiscí an Aontais i limistéar an Choiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir (CECAF), mar a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹⁷; agus

¹⁷ Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1).

(c) leasaítear forálacha áirithe de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus (AE) 2019/1241.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo ***d'aineoinn*** na n-oibleagáidí a leagtar amach i Rialachán atá ann cheana in earnáil an iascaigh, go háirithe Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (AE)¹⁸, Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008¹⁹ agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle.

¹⁸ Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

¹⁹ Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1).

TEIDEAL II

BEARTA NEAFC

Caibidil I

Raon feidhme agus sainmhínithe

Airteagal 2

Raon feidhme

Tá feidhm ag Teideal II den Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais a oibríonn sa Limistéar Rialála faoi choimirce NEAFC;
- (b) soithí de chuid an Aontais a bhfuil gabhálacha ar bord acu ó Limistéar an Choinbhinsiúin, i gcás ina dtagraítear go sonrach dóibh; agus
- (c) soithí tríú tíortha a bhfuil gabhálacha ar bord acu ó Limistéar an Choinbhinsiúin in uiscí nó calafoirt an Aontais, i gcás ina dtagraítear go sonrach dóibh.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, *tá feidhm ag na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 mura bhforáiltear dá mhalairt sa Rialachán seo.* Beidh feidhm *freisin* ag *na* sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘NEAFC’ an Coimisiún um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh;
- (2) ciallaíonn ‘an Coinbhinsiún’ an Coinbhinsiún maidir le comhoibriú iltaobhach sa todhchaí in iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh²⁰;
- (3) ciallaíonn ‘Limistéar an Choinbhinsiúin’ na limistéir:
 - (a) laistigh de na codanna sin den Aigéan Atlantach agus den Aigéan Artach agus dá bhfarraigí cleithiúnacha lastuaidh de dhomhanleithead 36° ó thuaidh agus idir domhanfhad 42° siar agus domhanfhad 51° soir, ach gan iad seo a leanas a áireamh:
 - (i) Muir Bhailt agus na Caolais atá suite ó dheas agus soir ó línte ó Cheann Hasenore go Rinn Gniben, ó Korshage go Spodsbierg agus ó Cheann Gilbjerg go Kullen, agus
 - (ii) an Mheánmhuir agus a farraigí cleithiúnacha chomh fada le pointe trasnaithe na líne domhanleithid 36° ó thuaidh agus na fadlíne domhanfhaid 5° 36’ siar
 - (b) laistigh den chuid sin den Aigéan Atlantach lastuaidh de dhomhanleithead 59° ó thuaidh agus idir domhanfhad 44° siar agus domhanfhad 42° siar.

²⁰ IO L 227, 12.8.1981, lch. 22.

- (4) ciallaíonn ‘an Limistéar Rialála’ uisceí Limistéar an Choinbhinsiúin atá lasmuigh de na huisceí atá faoi dhlínse iascaigh na bPáirtithe Conarthacha;
- (5) ciallaíonn ‘Páirtithe Conarthacha’ na Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún;
- (6) ciallaíonn ‘éiceachórais leochaileacha mhuirí’ nó ‘ÉMLanna’ na héiceachórais mhuirí a shainaithnítear trí úsáid a bhaint as na critéir i míreanna 42 agus 43 de Threoirlínte Idirnáisiúnta (FAO) Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir;
- (7) ciallaíonn ‘acmhainní rialáilte’ na hacmhainní iascaigh sin atá faoi réir moltaí faoin gCoinbhinsiún agus a liostaítear in Iarscríbhinn I;
- (8) ciallaíonn ‘speiceas ar táscaire ÉML é’ an speiceas a thugann le fios go bhfuil ÉMLanna ann, mar a shonraítear in Iarscríbhinn II;
- (9) ciallaíonn ‘iascaireacht ghrinnill’ úsáid trealaimh iascaireachta ar dócha go rachaidh sé i dteagmháil le grinneall na farraige le linn gnáthoibríochtaí iascaireachta;
- (10) ciallaíonn ‘limistéir iascaireachta grinnill atá ann cheana’ an chuid sin den Limistéar Rialála inar tharla iascaireacht ghrinnill sa tréimhse idir 1987 agus 2007, mar a shainítear leis na comhordanáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn III;

- (11) ciallaíonn ‘iascaireacht ghrinnill thaiscéalaíoch’ an iascaireacht tráchtála ghrinnill ar fad laistigh de limistéir ina bhfuil srian ar iascaireacht ghrinnill nó, má tá athruithe suntasacha ar an tslí a ndéantar iascaireacht ghrinnill agus ar theicneolaíocht na hiascaireachta grinnill, laistigh de na limistéir iascaireachta grinnill atá ann cheana;
- (12) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí iascaireachta’ iascaireacht, lena n-áirítear comhoibríochtaí iascaireachta, oibríochtaí próiseála éisc, trasloingsiú nó tabhairt i dtír acmhainní iascaigh nó táirgí a ndearnadh astu agus aon ghníomhaíocht tráchtála eile a dhéantar mar ullmhúchán d’iascaireacht nó atá bainteach le hiascaireacht, lena n-áirítear pacáistiú, iompar, athbhreoslú nó athsholáthar;
- (13) ciallaíonn ‘soitheach iascaireachta’ aon soitheach a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun saothrú tráchtála a dhéanamh ar acmhainní iascaigh, lena n-áirítear soithí próiseála éisc agus soithí a ghabhann do thrasloingsiú;

- (14) ciallaíonn ‘teagmháil’ gabháil an speicis ar táscaire ÉML é atá os cionn na leibhéal tairsí seo a leanas:
- (a) i gcás tarlú tráil, agus trealamh eile iascaireachta seachas spiléir: níos mó ná 30 kg coiréalaigh bheo agus/nó 400 kg spúinse beo a bheith ann; agus
 - (b) i gcás tacar spiléir: speiceas táscaire ÉML a bheith i láthair ar 10 nduán in aghaidh gach mírlíne de 1 000 duán nó in aghaidh gach mírlíne 1 200 m de spiléar, cibé ceann acu is giorra;
- (15) ciallaíonn ‘VMS’ córas ■ um fhaireachán soithí iascaireachta a sholáthraíonn sonraí do na húdaráis inniúla go tráthrialta maidir le suíomh, cúrsa agus luas an tsoithigh iascaireachta;
- (16) ciallaíonn ‘tuarascáil’ an fhaisnéis chaighdeánaithe a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta a thaifeadtar go leictreonach;
- (17) ciallaíonn ‘rúnaíocht NEAFC’ Rúnaí NEAFC agus baill foirne eile arna gceapadh ag NEAFC i gcomhréir le hAirteagal 3(7) den Choinbhinsiún;

- (18) ciallaíonn ‘tionchair shuntasacha dhochracha’ na tionchair dá dtagraítear i míreanna 17 go 20 de Threoirlínte Idirnáisiúnta FAO maidir le Bainistiú Iascach Domhainfharraige ar an Mórmhuir;
- (19) ciallaíonn ‘acmhainní iascaigh’ acmhainní éisc, moilisc, crústaigh agus lena n-áirítear speicis neamhaistreacha, seachas, a mhéid a dhéileáiltear leo i gcomhaontuithe idirnáisiúnta eile, speicis mhórimirceacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982, agus stoic anadromacha;
- (20) ciallaíonn ‘teachtaireacht’ an fhoirm chaighdeánaithe ina malartaítear tuarascálacha idir Páirtithe Conarthacha agus Rúnaíocht NEAFC nó idir na Ballstáit agus an Coimisiún;
- (21) ciallaíonn ‘uimhir IMO’ uimhir seacht ndigit arna leithdháileadh ag an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (IMO) nó ag aon ghníomhaireacht eile a dtugadh an t-údarás sin dó tráth na tógála nó nuair a áirítear long den chéad uair i gclárlann long IMO;

- (22) ciallaíonn ‘lámhleabhar leictreonach iascaireachta’ an taifead trí mheán *leictreonach* ar shonraí gníomhaíochta iascaireachta arna dtaifeadadh ag máistir soithigh iascaireachta agus arna tharchur chuig an Stát brataí ón réamhfhógra faoi dhul isteach sa Limistéar Rialála go dtí go n-imeoidh sí ón Limistéar Rialála;
- (23) ciallaíonn ‘LFI’ lárionad faireacháin iascaigh ar talamh de chuid an Bhallstáit brataí;
- (24) ciallaíonn ‘réamhfhógra’ tuarascáil ar rún gníomhaíocht a dhéanamh amach anseo;
- (25) maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála, ciallaíonn ‘turas iascaireachta’ aon turas a dhéanann soitheach iascaireachta ar lena linn a dhéantar gníomhaíochtaí iascaireachta ón tráth a théann sí isteach sa Limistéar Rialála go dtí go n-imíonn sí as;
- (26) ciallaíonn ‘dearbhu’ tuarascáil ar ghníomhaíocht iascaireachta atá á déanamh nó a rinneadh tráth a taifeadta agus a tarchurtha;
- (27) ciallaíonn ‘oibriocht trasloingsithe’ aon chainníocht d’acmhainní iascaigh *nó torthaí díobh* a choinnítear ar bord a aistriú go díreach ó shoitheach iascaireachta amháin go soitheach iascaireachta eile;

- (28) ciallaíonn ‘EFCA’ an Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach arna bunú le Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²¹;
- (29) ciallaíonn ‘calafort’ aon áit ar an gcladach a úsáidtear i gcomhair tabhairt i dtír nó a úsáidtear chun seirbhísí a sholáthar a bhaineann nó a thacaíonn le gníomhaíochtaí iascaireachta, nó áit ar an gcladach nó gar don chladach atá ainmnithe ag Páirtí Conarthach chun acmhainní iascaigh a thrasloingsiú;
- (30) ciallaíonn ‘comhoibríocht iascaireachta’ aon oibríocht idir dhá shoitheach nó níos mó ina mbogtar gabháil ó threalamh iascaireachta soithigh amháin go soitheach iascaireachta eile;
- (31) ciallaíonn ‘sonraí leictreonacha’ na doiciméid, na tuarascálacha, na teachtaireachtaí agus na foirmeacha uile a tharchuirtear go leictreonach agus a fhaightear de bhun fhorálacha Scéim NEAFC;
- (32) ciallaíonn ‘limistéir choiscthe iascaireachta grinnill’ limistéir ina bhfuil cosc ar iascaireacht ghrinnill chun ÉMLanna a chosaint sa Limistéar Rialála, mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV, pointe 8;

²¹ Rialachán (AE) 2019/473 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (IO L 83, 25.3.2019, lch. 18).

- (33) ciallaíonn ‘soitheach Páirtí Neamh-Chonarthaigh’ aon soitheach atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta nach bhfuil faoi bhratach Páirtí Chonarthaigh ná i bPáirtí Neamh-Chonarthach gníomhach comhoibríoch in NEAFC, nó aon soitheach iascaireachta a bhfuil forais réasúnacha ann lena cheapadh nach bhfuil náisiúntacht aige;
- (34) ciallaíonn ‘iascaireacht NNN’ aon ghníomhaíocht iascaireachta neamhdhleathach, neamhthuairiscithe nó neamhrialáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 2 pointí (1) go (4) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;
- (35) ciallaíonn ‘uimhir CFR’ uimhir sainaitheantais uathúil an tsoithigh i gcabhlach iascaireachta an Aontais, gan beann ar aon uimhir cabhlaigh iascaireachta náisiúnta agus dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún²².

²² Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/218 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2017 maidir le clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais (IO L 34, 9.2.2017, lch. 9).

Caibidil II

Bearta caomhnaithe

Airteagal 4

Bearta chun ÉMLanna a chosaint

1. Toirmeasctar trálaeireacht ghrinnill agus iascaireacht a dhéanamh le gléas iascaireachta éighníomhach, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe agus spiléir ghrinneallsocraithe, lasmuigh de na limistéir iascaireachta grinnill atá ann cheana agus a liostaítear in Iarscríbhinn III. Níl feidhm ag an mír seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha mar a leagtar amach in Airteagal 5.
2. Toirmeasctar trálaeireacht ghrinnill agus iascaireacht a dhéanamh le gléas iascaireachta éighníomhach, lena n-áirítear eangacha geolbhaigh grinneallsocraithe agus spiléir ghrinneallsocraithe, laistigh de na limistéir a liostaítear i bpointe 8 d'Iarscríbhinn IV.

3. Déanfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais atá i mbun iascaireacht ghrinnill gabhálacha speicis ar táscairí ÉML iad a chainníochtú. I gcás *inarb é atá* i gcainníocht na speiceas ar táscairí ÉML iad teagmháil in oibríocht iascaireachta, déanfaidh an máistir an méid seo a leanas:
- (a) má aimsítear an teagmháil i dtaca le tarlú trealamh tráil, stadfar den iascaireacht agus aistreofar amach as limistéar a shainítear mar bhanda 2 mhuirmhíle ar leithead (polagán) ar an dá thaobh de rian an tarlú tráil ar tharla teagmháil lena linn; sainmhínítear an rian mar an líne a cheanglaíonn suíomhanna VMS i ndiaidh a chéile, arna forlíonadh leis an bhfaisnéis suite is beaichte atá ar fáil, idir tús agus deireadh an tarlaithe, arna síneadh 2 mhuirmhíle ag an dá cheann;
 - (b) má aimsítear an teagmháil i dtaca le trealamh eile iascaireachta grinnill, scor den iascaireacht agus bogadh ar shiúl 2 mhuirmhíle ar a laghad ón suíomh a thugann an fhianaise le tuiscint gurb é is gaire don láthair theagmhála chruinn.
4. Bainfidh an máistir úsáid as gach foinse faisnéise atá ar fáil agus tuairisceoidh sé sonraí an teagmhais gan mhoill don Bhallstát brataí, an rian nó an suíomh arna chinneadh de bhun mhír 3 pointí (a) agus (b) san áireamh.

5. *Is é an máistir a bheidh freagrach as cruinneas na faisnéise a thuairiscítear don Bhallstát brataí.*
6. Cuirfidh an Ballstát brataí sonraí an teagmhais chuig an gCoimisiún gan mhoill agus cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht NEAFC.
7. Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais tréimhsí coiscthe sealadacha a **chomhlíonadh** sna limistéir arna sainaithint **agus arna gcur in iúl** ag NEAFC tar éis faisnéis a fháil faoi theagmhálacha le ÉMLanna a d'fhéadfadh a bheith ann go dtí go dtabharfaidh Rúnaíocht NEAFC fógra faoi athoscailt na limistéar sin.

Airteagal 5

Gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha

1. Beidh gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha faoi réir measúnú roimh ré ag Buanhoiste NEAFC um Bainistiú agus Eolaíocht agus ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES).
2. Na Ballstáit ar mian lena soithí iascaireacht ghrinnill taiscéalaíoch a dhéanamh, baileoidh siad na sonraí is gá chun go ndéanfaidh an Buanhoiste um Bainistiú agus Eolaíocht agus ICES measúnú roimh ré agus cuirfidh siad an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach chun críche meastóireacht a dhéanamh ar iarrataí ar iascaireacht taiscéalaíoch:
 - (a) plean saothraithe, ina leagtar amach na spriocspeicis, na dátaí agus na limistéir atá beartaithe agus an cineál trealaimh iascaireachta grinnill atá le húsáid; breithneofar srianta limistéir agus iarrachta chun a áirithiú go ndéantar an iascaireacht de réir a chéile i limistéar geografach teoranta;
 - (b) plean maolaithe, lena n-áirítear bearta chun cosc a chur ar dhrochthionchar suntasach ar ÉMLanna a bhféadfaí teacht orthu le linn gníomhaíochtaí iascaireachta;

- (c) plean chun faireachán a dhéanamh ar ghabhálacha, lena n-áirítear taifead agus tuairisciú a dhéanamh ar gach speiceas a ghabhtar;
- (d) córas chun gabhálacha a thaifeadadh agus a thuairisciú lena bhféadfar measúnú mionsonraithe leordhóthanach a dhéanamh ar ghníomhaíocht;
- (e) plean mionscála bailithe sonraí maidir le dáileadh na dtarluithe agus na gcur atá beartaithe, a mhéid is féidir ar bhonn tarlú ar tharlú agus cur ar chur;
- (f) plean bailithe sonraí chun sainaithint ÉMLanna a éascú sa limistéar ina ndearnadh na gníomhaíochtaí iascaireachta;
- (g) pleananna chun faireachán a dhéanamh ar iascaireacht ghrinnill, trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht faireacháin trealaimh, lena n-áirítear ceamaraí, más indéanta;
- (h) sonraí ó chláir mhapála ghrinneall na farraige, sondálaithe fuaime agus, más indéanta, sondálaithe ilthonnta, agus sonraí eile atá ábhartha don réamh-mheasúnú ar an riosca go mbeadh drochthionchair shuntasacha ar ÉMLanna; agus

- (i) réamh-mheasúnú ar thionchair aitheanta agus réamh-mheasta na hiascaireachta grinnill atá beartaithe, lena dtugtar aghaidh, inter alia, ar na nithe seo a leanas:
- (i) plean saothraithe lena n-áirítear an cineál iascaireachta a dhéantar nó atá beartaithe, lena n-áirítear cineálacha soithí agus trealaimh, limistéir iascaireachta, spriocspeicis agus speicis foghabhála a d'fhéadfadh a bheith ann, leibhéil iarrachta iascaireachta agus fad na hiascaireachta;
 - (ii) an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil is fearr dá bhfuil ar fáil faoi staid reatha na n-acmhainní iascaigh agus faisnéis bhonnlíne maidir leis na héiceachórais, na gnáthóga agus na pobail sa limistéar iascaireachta, a bhfuil athruithe amach anseo le cur i gcomparáid leo;
 - (iii) ÉMLanna atá ar eolas nó ar dócha go dtarlóidh siad sa limistéar iascaireachta a shainnithint, a thuairisciú agus a mhapáil (suíomh geografach agus fairsinge);
 - (iv) minicíocht, cineál, scála agus fad na dtionchar dóchúil a shainnithint, a thuairisciú agus a mheas, lena n-áirítear tionchair charnacha an iascaigh atá beartaithe ar ÉMLanna sa limistéar iascaireachta;

- (v) sonraí agus modhanna a úsáidtear chun tionchair na gníomhaíochta a shainaithint, chun tuairisc a thabhairt orthu agus chun measúnú a dhéanamh orthu, bearnaí san eolas a shainaithint agus meastóireacht a dhéanamh ar éiginnteachtaí san fhaisnéis a chuirtear i láthair sa mheasúnú;
- (vi) measúnú riosca ar na tionchair dhóchúla arb iad oibríochtaí iascaireachta is cúis leo chun a chinneadh cé na tionchair ar ÉMLanna ar dócha go mbeidh drochthionchair shuntasacha acu nó lena dtuigfí go mbeadh drochthionchair shuntasacha acu; agus
- (vii) faisnéis atá sa phlean maolaithe maidir le bearta maolaithe agus bainistithe atá le húsáid chun drochthionchair shuntasacha ar ÉMLanna a chosc agus na bearta atá le húsáid chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí na n-oibríochtaí iascaireachta.

3. Déanfaidh an Ballstát brataí an méid seo a leanas:

- (a) an iarraidh ar réamh-mheasúnú ar ghníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha agus an fhaisnéis a ghabhann léi a sheoladh chuig an gCoimisiún 7 mí ar a laghad roimh thús beartaithe na hiascaireachta;
- (b) a áirithiú go mbeidh breathnóir eolaíoch ar bord ag a shoithí iascaireachta atá rannpháirteach in iascaireacht ghrinnill taiscéalaíoch, agus déanfaidh an breathnóir sin an méid seo a leanas:
 - (i) faireachán a dhéanamh ar aon chur le haghaidh fianaise ar ÉMLanna a bheith ann agus coiréalach, spúinsí agus orgánaigh eile a shainaithint go dtí an leibhéal tacsanomaíoch is ísle is féidir;
 - (ii) an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh ar bhileoga sonraí chun ÉMLanna a shainaithint: ainm an tsoithigh, cineál trealaimh, dáta, suíomh (domhanleithead/domhanfhad), doimhneacht, cód an speicis, uimhir an turais, uimhir shocraithe agus ainm an bhreathnóra sin; agus
 - (iii) samplaí ionadaíocha ón ngabháil iomlán a bhailiú, más gá, agus na samplaí a sholáthar do chomhlacht eolaíoch ábhartha an Bhallstáit brataí;

- (c) ní údaróidh sé tús na hiascaireachta grinnill taiscéalaíche go dtí go mbeidh na gníomhaíochtaí formheasta ag ■ NEAFC ■ ; agus
 - (d) tuarascáil ar thorthaí na ngníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíche, ***lena n-áirítear sonraí ábhartha eolaíocha***, a sholáthar do ICES agus don Choimisiún, a chuirfidh ar aghaidh chuig Rúnaíocht NEAFC í.
4. Cuirfidh an Coimisiún an iarraidh agus an fhaisnéis a ghabhann léi ar aghaidh chuig Rúnaíocht NEAFC gan mhoill.
5. Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:
- (a) ní chuirfidh siad tús leis an iascaireacht ghrinnill thaiscéalaíoch go dtí go mbeidh an ghníomhaíocht formheasta ag ■ NEAFC ■ agus údaraithe ag an mBallstát brataí; agus
 - (b) beidh breathnóir eolaíoch ar bord acu le linn na ngníomhaíochtaí iascaireachta grinnill taiscéalaíocha.

Airteagal 6

Bearta teicniúla agus caomhnaithe eile sa Limistéar Rialála

Leagtar amach na bearta teicniúla agus na bearta caomhnaithe eile is infheidhme sa Limistéar Rialála i bpointí 1 go 7 d'Iarscríbhinn IV.

Caibidil III

Ceartha rialaithe agus forfheidhmithe

Roinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 7

Pointí teagmhála a ainmniú

1. Ainmneoidh na Ballstáit pointí teagmhála chun tuarascálacha agus sonraí faireachais agus cigireachta a fháil i gcomhréir le hAirteagail 17, 22 agus 23, Airteagal 33(4) agus Airteagal 35(1), agus pointe teagmhála chun fógraí a fháil agus chun údaruithe a eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 29.
2. Áireofar le hainmniú na bpointí teagmhála, de réir mar is iomchuí, an uimhir theileafóin, an seoladh ríomhphoist, an uimhir facs agus, i gcás ina ndéanfar foráil le Scéim NEAFC maidir le hiarratas ar líne a úsáid ar shuíomh gréasáin NEAFC, ainm, eagraíocht, teideal an phoist, ról laistigh den eagraíocht agus seoladh ríomhphoist pearsanta.

3. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina bpointí teagmhála ainmnithe dá dtagraítear i mír 1 agus faoi aon athrú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 tráth nach déanaí ná 15 lá sula mbeidh na hathruithe sin infheidhme. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis a tharchur go pras chuig Rúnaíocht NEAFC.
4. Na pointí teagmhála ainmnithe chun fógraí a fháil agus chun údaruithe a eisiúint i gcomhréir le hAirteagail 28 agus 29, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh siad ar fáil 24 uair an chloig in aghaidh an lae, 7 lá na seachtaine.

Roinn 2

Bearta rialaithe

Airteagal 8

Rialú soithí iascaireachta de chuid an Aontais dá dtugtar fógra agus atá údaraithe

1. Seolfaidh na Ballstáit go leictreonach chuig an gCoimisiún faisnéis faoi gach soitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige agus atá cláraithe san Aontas agus a bheartaíonn siad a údarú le gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh sa Limistéar Rialála. Seolfar an fhaisnéis sin faoin 15 Nollaig gach bliain i gcomhair na bliana dár gcionn nó in aon chás sula rachaidh an soitheach isteach sa Limistéar Rialála.
2. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 agus in aon athrú uirthi na sonraí ábhartha maidir le fógra a thabhairt, údarú, tarraingt siar, teorannú nó teachtaireachtaí fionraí a leagtar amach in Iarscríbhinn V.
3. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a chur ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht NEAFC.

4. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála faoi shainchúram an Choinbhinsiúin ach amháin má tá siad liostaithe mar shoithí arna gcur ar an eolas faoi NEAFC agus, i gcás gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar ar acmhainní rialáilte, mar shoithí atá údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh ar na hacmhainní rialáilte sin.
5. Déanfaidh Ballstát brataí an méid seo a leanas:
- (a) soithí iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain acu a údarú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta i gcás ina mbeidh sé in ann a fhreagrachtaí mar Bhallstát brataí maidir leis na soithí sin a fheidhmiú go héifeachtach, agus sa chás sin amháin;
 - (b) a áirithiú nach ndéanfaidh ach soithí iascaireachta údaraithe a bhfuil a bhratach ar foluain acu gníomhaíochtaí iascaireachta ar acmhainní rialáilte;
 - (c) a áirithiú go gcomhlíonfaidh soithí iascaireachta ***dá dtugtar fógra agus atá údaraithe*** a bhfuil a mbratach ar foluain acu na moltaí is infheidhme arna nglacadh ag NEAFC ***agus leis an Rialachán seo***; agus
 - (d) gealltanais a thabhairt líon na soithí iascaireachta údaraithe agus a n-iarracht iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir leis na deiseanna iascaireachta atá ar fáil don Bhallstát sin.

6. Féadfar an fhaisnéis seo a leanas maidir le liostaí na soithí iascaireachta arna gcur ar an eolas agus atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Rialála a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin NEAFC:
- (a) ainm an tsoithigh;
 - (b) uimhir IMO *nó, murab infheidhme, sainaitheantóir uathúil eile soithigh*;
 - (c) an Stát brataí;
 - (d) uimhir chlárúcháin sheachtrach (má tá sí ar fáil);
 - (e) comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió;
 - (f) cineál an tsoithigh (má tá sé ar fáil);
 - (g) tonnáiste an tsoithigh;
 - (h) fad an tsoithigh;
 - (i) cumhacht innill an tsoithigh; agus
 - (j) acmhainní rialáilte údaraithe, chomh maith le dáta tosaigh agus dáta deiridh an údaraithe.

7. Mura bhforáiltear dá mhalairt, ní bheidh soithí taighde de chuid an Aontais a dhéanann taighde eolaíoch ar acmhainní iascaigh sa Limistéar Rialála faoi cheangal ag bearta caomhnaithe agus rialaithe a bhaineann le hiascaireacht sa Limistéar Rialála.

Ní bheidh feidhm ag an gcéad fhomhír den mhír seo maidir le soithí taighde a dhéanann margaíocht ar an ngabháil iomlán a fhaightear le linn gníomhaíochtaí taighde sa Limistéar Rialála nó ar chuid di. Tabharfar fógra i gcomhréir le mír 1 do shoithí mar sin agus comhlíonfaidh siad na hoibleagáidí maidir le ceanglais taifeadta agus tuairiscithe is infheidhme maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais.

Airteagal 9

Ceanglais ar shoithí

1. Marcálfar soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar bhealach inar féidir iad a shainaitheint go héasca i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún²³.
2. Sa bhreis ar na ceanglais a bhunaítear in Airteagal 7(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. **404/2011**, beidh ar bord soithí iascaireachta de chuid an Aontais doiciméid arna n-eisiúint ag údarás deimhniúcháin iomchuí an Bhallstáit brataí ina bhfuil siad cláraithe ina léireofar ar a laghad na heilimintí sonraí seo a leanas:
 - (a) ainm an tsoithigh;
 - (b) litreacha an chalafoirt nó an cheantair ina bhfuil sí cláraithe, agus na huimhreacha faoina bhfuil sí cláraithe;

²³ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an Chomhbheartais Iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

- (c) a comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió;
 - (d) uimhir IMO má tá sí faoi réir Rún A.1078(28) IMO *nó, murab infheidhme, sainaitheantóir uathúil eile soithigh*;
 - (e) ainmneacha agus seoltaí an úinéara agus, i gcás inarb ábhartha, an chairtfhostóra;
 - (f) fad an tsoithigh; agus
 - (g) cumhacht innill, ina kW/each-chumhacht.
3. Seiceálfaidh údarás inniúil an Bhallstáit brataí go tráthrialta na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 7(2) agus (3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 .

Airteagal 10

Trealamh a mharcáil

1. Marcálfar ***trealamh iascaireachta a úsáideann*** soithí iascaireachta de chuid an Aontais sa Limistéar Rialála i gcomhréir le hAirteagail 8 go 17 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 agus le caighdeáin idirnáisiúnta lena bhfuil glacadh ginearálta, go háirithe Coinbhinsiún um Stiúradh Oibríochtaí Iascaireachta san Atlantach Thuaidh, a síníodh i Londain an 1 Meitheamh 1967.
2. Beidh toirmeasc ar threalamh iascaireachta nach bhfuil marcáilte a chur in úsáid, má cheanglaítear an mharcáil, nó ***mura gcomhlíonann*** an mharcáil na ceanglais dá dtagraítear i mír 1. Féadfaidh cigirí iascaigh NEAFC trealamh iascaireachta a bhfuil marcáil neamhchomhlíontach air, chomh maith le héisc a fhaightear sa trealamh, a bhaint agus a dhiúscairt.

Airteagal 11

Dramhaíl ó shoithí iascaireachta agus trealamh caillte a aisghabháil

1. Tá toirmeasc ar mháistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais trealamh iascaireachta a thréigean nó a dhiúscairt d'aon turas agus dramhaíl a scaoileadh isteach san fharraige ó longa mar a shainítear i dTreoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle²⁴, i gcomhréir le hIarscríbhinn V a ghabhann le MARPOL maidir le Rialacháin maidir le Truailliú ó Longa a Chosc.
2. ***Is é an máistir a bheidh freagrach as má dhéantar trealamh iascaireachta a thréigean nó a dhiúscairt d'aon turas, agus má dhéantar aon sceitheadh dramhaíola ó longa dá dtagraítear i mír 1.***
3. ***Tabharfaidh soithí iascaireachta an Aontais fógra d'údaráis inniúla a mBallstáit brataí laistigh de 24 uair an chloig faoin bhfaisnéis riachtanach dá dtagraítear in Airteagal 14(7) agus Airteagal 48 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009*** ■ ***sna cásanna sin nach féidir an trealamh caillte a fháil ar ais[...]:***
 - (a) comhartha aitheantais an tsoithigh;
 - (b) cainníocht an trealaimh a cailleadh; agus
 - (c) má tá iarracht déanta ag an soitheach an trealamh a aisghabháil nó mura bhfuil.

²⁴ Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt le haghaidh seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).

4. Tabharfaidh an Ballstát fógra don Choimisiún gan mhoill faoin bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 48 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, agus tarchuirfidh an Coimisiún chuig Rúnaíocht NEAFC í.
5. Tabharfaidh na Ballstáit gealltanais go ndéanfaidh siad trealamh feistithe caillte de chuid soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu a aisghabháil ar bhonn rialta. ***Má dhéantar trealamh nár tuairiscíodh gur cailleadh é a aisghabháil, féadfaidh an Ballstát nó Páirtí Conarthach eile a d'aisghabh an trealamh an costas a ghnóthú ó mháistir an tsoithigh a chaill an trealamh.***

Airteagal 12[...]

Lipéadú éisc reoite

Tar éis iad a reo, déanfar gach uile iasc a ghabhtar i Limistéar an Choinbhinsiúin a shainaithint le lipéad nó le stampa atá inléite go soiléir. Déanfar an lipéad nó an stampa a chur ar gach bosca nó ar gach bloc éisc reoite agus é á stuáil, agus sonrófar leis cód 3-alfa FAO an speicis, an dáta táirgthe i bhfigiúirí, an folimistéar agus an roinn de ICES inar gabhadh é agus ainm an tsoithigh a ghabh an t-iasc.

Roinn 3

Faireachán ar iascaigh

Airteagal 13

An ghabháil agus an iarracht iascaireachta a thaifeadadh

1. Coimeádfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála logleabhar leictreonach iascaireachta.
2. Measfar gur sonraí oifigiúla iad sonraí an logleabhair leictreonaigh iascaireachta **arna dtarchur** ag an máistir agus arna stóráil ag LFI. Cuirfidh LFI na sonraí sin agus aon athrú orthu in iúl do Rúnaíocht NEAFC gan mhoill.
3. Ina theannta sin, déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann a ngabháil **a phróiseáil nó** a reo an méid seo a leanas:
 - (a) a dtáirgeadh carnach a thaifeadadh de réir speicis agus fhoirm an táirge i logleabhar táirgthe i gcomhréir le hIarscríbhinn VI; agus

- (b) an ghabháil phróiseáilte uile a stuáil i mbolg an tsoithigh ar bhealach ina bhféadfar suíomh gach speicis a shainaithint ó phlean stuála a choinnítear ar bord an tsoithigh iascaireachta i gcomhréir leis na ceanglais seo a leanas:
- (i) déanfar gabhálacha próiseáilte a stuáil agus a mharcáil ar bhealach gur féidir na speicis chéanna, na catagóirí táirgí céanna agus na cainníochtaí céanna a shainaithint nuair a stuáiltear iad i gcodanna éagsúla den bholg;
 - (ii) léireofar sa phlean stuála suíomh na dtáirgí sna boilg chomh maith le cainníochtaí na dtáirgí ar bord a luaitear i gcileagraim agus tabharfar cothrom le dáta é gach lá don lá roimhe sin arna áireamh ó 00.00 uair go 24.00 uair Am Uilíoch Lárnach (AUL); agus
 - (iii) beidh liosta na gcód maidir le foirm an táirge, an cineál pacála, **an cineál coimeádáin** agus an cineál **próiseála** i gcomhréir le **hIarscríbhinn VII**.
4. Féadfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil gabháil reoite acu ar bord acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin ag níos mó ná soitheach iascaireachta amháin na héisc ó gach soitheach a stuáil i níos mó ná cuid amháin den bholg, ar choinníoll go bhfuil an t-iasc ó gach soitheach deontóra scartha go soiléir (mar shampla le plaisteach, sraithadhmaid, líontán etc.) leis an iasc a ghabh soithí iascaireachta eile. Déanfar na gabhálacha a tógadh laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin a stuáil ar leithligh ó na gabhálacha ar fad a tógadh lasmuigh den limistéar sin.

5. Beidh na taifeadtaí sa logleabhar leictreonach iascaireachta ar fáil do chigirí ar bord an tsoithigh iascaireachta ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad.
6. Léireofar an dáta agus na heilimintí ama go léir a thaifeadtar in am AUL. Déanfar comhordanáidí a thuairisciú ina gcéimeanna deachúlacha go dtí an tríú hionad deachúil agus úsáid á baint as an gcóras tagartha comhordanáidí WGS84.
7. Beidh máistir an tsoithigh iascaireachta freagrach as a áirithiú go gcomhfhreagraíonn na cainníochtaí arna dtaifeadadh i gcomhréir leis an Airteagal seo go cruinn do na cainníochtaí a choinnítear ar bord.

Airteagal 14

Gníomhaíochtaí iascaireachta a chur in iúl

1. Déanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:
 - (a) sonraí an logleabhair leictreonaigh iascaireachta a tharchur go leictreonach chuig a LFI, lena n-áirítear ar a laghad na sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII lena n-áirítear na gabhálacha uile nuair a bhíonn an soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta le haghaidh acmhainní iascaigh;
 - (b) réamhfhógra a sheoladh faoi dhul isteach sula rachaidh siad isteach sa Limistéar Rialála tráth nach **luaithe** ná 12 uair an chloig agustráth **nach déanaí ná** 2 uair an chloig roimh gach dul isteach sa Limistéar Rialála, lena léireofar tús an turais iascaireachta agus lena n-áirítear an fhaisnéis faoi ghabháil a coinníodh ar bord roimh dhul isteach sa Limistéar Rialála;

- (c) tuarascáil cheartúcháin a tharchur maidir leis an réamhfhógra faoi dhul isteach sula rachaidh siad isteach sa Limistéar Rialála chun an fhaisnéis maidir le gabháil a choinnítear ar bord, dáta agus am agus suíomh an tarchuir a thabhairt cothrom le dáta, más rud é go raibh an soitheach iascaireachta i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta tar éis di an réamhfhógra faoi dhul isteach a sheoladh agus sula ndeachaigh sí isteach sa Limistéar Rialála;
- (d) na sonraí uile maidir leis na hoibríochtaí iascaireachta uile a thaifeadadh go laethúil sa logleabhar leictreonach iascaireachta agus dearbhú oibríochta iascaireachta a chur faoi bhráid LFI gach lá ar a laghad agus tráth nach déanaí ná 23:59 AUL; ar laethanta nach ndearnadh aon oibríocht iascaireachta nó nach ndearnadh aon ghabháil, déanfar tuarascáil nialais a tharchur; féadfar sonraí le haghaidh oibríochtaí iascaireachta a thuairisciú in aghaidh na gabhála nó mar fhaisnéis laethúil; áireofar i ngach tarchur de chuid an logleabhair leictreonaigh iascaireachta faisnéis maidir leis an ngabháil a tógadh sa Limistéar Rialála ón uair dheireanach a cuireadh na gabhálacha in iúl;
- (e) déanfar tuarascáil ar leithligh a thaifeadadh agus a tharchur le haghaidh gach trealaimh, má d'úsáid an soitheach iascaireachta níos mó ná cineál amháin trealaimh ar an lá céanna;

- (f) gach oibríocht iascaireachta laistigh den Limistéar Rialála a thaifeadadh sa logleabhar leictreonach iascaireachta agus na sonraí a tharchur chuig LFI sula bhfágfar an Limistéar Rialála nó sula bhfaighfear fógra cigireachta sa Limistéar Rialála;
- (g) réamhfhógra faoi imeacht a tharchur chuig LFI sula bhfágfar an Limistéar Rialála tráth nach *luaithe* ná 8 n-uair an chloig agus tráth *nach déanaí ná* 2 uair an chloig roimh gach imeacht, lena n-áirítear an chainníocht iomlán ar bord de réir speicis; agus
- (h) tuarascáil cheartúcháin a tharchur maidir leis an réamhfhógra faoi imeacht sula bhfágfaidh sé an Limistéar Rialála chun an fhaisnéis maidir le gabháil ar bord, dáta agus am agus suíomh na fágála a thabhairt cothrom le dáta, más rud é go raibh an soitheach iascaireachta i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta tar éis di an réamhthuarascáil faoi imeacht a sheoladh agus sular fhág sí an Limistéar Rialála; ina theannta sin, déanfaidh an máistir na gníomhaíochtaí iascaireachta sin a thaifeadadh sa logleabhar leictreonach iascaireachta agus tarchuirfidh sé an fhaisnéis chuig LFI roimh dó an ceartúchán ar an réamhfhógra imeachta a chur isteach.

2. Ní dhéanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais an méid seo a leanas:

- (a) réamhfhógra faoi dhul isteach a chur ar ceal tar éis dul isteach sa Limistéar Rialála;
- (b) réamhfhógra faoi imeacht a chur ar ceal tar éis imeacht ón Limistéar Rialála;
- (c) réamhfhógra a chur ar ceal níos mó ná uair amháin;

- (d) réamhfhógra nua a sheoladh lasmuigh de na teorainneacha ama a thugtar i mír 1, pointí (b) agus (g); agus
 - (e) na sonraí arna dtaifeadadh sa logleabhar leictreonach iascaireachta tar éis 12:00 AUL an lá tar éis na hoibríochtaí iascaireachta tuairiscithe a thabhairt chun críche, nó tar éis dóibh an Limistéar Rialála a fhágáil, a cheartú.
3. Féadfaidh LFI glacadh le ceartúcháin lasmuigh de theorainneacha ama áirithe i gcomhréir le hAirteagal 17(7).
4. Áiritheoidh LFI an méid seo a leanas:
- (a) nach gceartaítear sonraí arna dtaifeadadh sa logleabhar leictreonach iascaireachta ach amháin sna cásanna a cheadaítear sa Rialachán seo; agus
 - (b) go ndéantar gach ceartúchán agus cealú a thaifeadadh agus go mbíonn siad sofheicthe chun críoch cigireachta.
5. Tabharfar an fhaisnéis faoi ghabhálacha dá dtagraítear san Airteagal seo ina cileagraim bheomheáchain.

Trasloingsithe ar muir a chur in iúl agus a rialáil

1. Máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann d'oibríochtaí trasloingsithe ar muir d'acmhainní iascaigh arna ngabháil sa Limistéar Rialála **■**, gan beann ar an limistéar ina ndéantar an trasloingsiú ar muir, **agus d'oibríochtaí trasloingsithe a dhéantar laistigh de Limistéar Rialála na n-acmhainní iascaigh arna ngabháil lasmuigh den Limistéar Rialála, comhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:**
 - (a) tuarascálacha ar thrasloingsiú a chur in iúl dá LFI, i gcomhréir leis an tsonraíocht agus leis an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII agus trí mhodhanna leictreonacha, lena n-áirítear na cainníochtaí arna luchtú agus arna ndíluchtú le haghaidh gach trasloingsithe; déanfaidh máistir soithigh iascaireachta deontóra de chuid an Aontais tuarascáil ar fhógra trasloingsithe deontóra a tharchur 24 uair an chloig ar a laghad roimh **thús an** trasloingsithe; tabharfaidh máistir soithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais tuarascáil ar dhearbhuí trasloingsithe glacadóra tráth nach déanaí ná 1 uair an chloig tar éis **dheireadh** an trasloingsithe; agus áireofar sna tuarascálacha dáta, am agus suíomh geografach an trasloingsithe atá beartaithe agus an meáchan iomlán slánaithe, ina chileagraim, de réir speicis atá le díluchtú nó a ndearnadh a luchtú agus sainaithint na soithí a ndearnadh trasloingsiú chucu nó uathu, faoi seach;
 - (b) ní fhéadfar tús a chur le hoibríochtaí trasloingsithe go dtí go mbeidh na húdaruithé tugtha ag an **mBallstát** brataí **nó** ag Páirtí Conarthach an tsoithigh ghlactha agus, i gcás soithí glactha de chuid an Aontais, tarchuirfidh an Ballstát brataí an t-údarú trasloingsiú a dhéanamh gan mhoill chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip; agus

(c) gan dochar do Roinn 5, tar éis do shoitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais a bheith páirteach in oibríocht trasloingsithe ar muir lena mbaineann acmhainní iascaigh arna ngabháil sa Limistéar Rialála, ***nó in oibríocht trasloingsithe i Limistéar Rialála na n-acmhainní iascaigh arna ngabháil lasmuigh den Limistéar Rialála***, seolfaidh máistir an tsoithigh sin tuarascáil ar an bhfógra don chalafoirt ina dtugtar gabháil i dtír san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII, ina sonrófar an ghabháil iomlán ar bord, an meáchan iomlán atá le tabhairt i dtír, ainm an chalafoirt agus dáta agus am an tabhartha i dtír, 24 uair an chloig ar a laghad roimh ***thús a chur*** le haon tabhairt i dtír, is cuma cé acu i gcalafoirt laistigh de Limistéar an Choinbhinsiúin nó lasmuigh de a dhéanfar an tabhairt i dtír.

2. Ní cheartófar an tuarascáil ar fhógra trasloingsithe deontóra ach féadfar í a chur ar ceal sula gcuirfear tús leis an oibríocht trasloingsithe. Má chuirtear tuarascáil ar fhógra trasloingsithe deontóra ar ceal agus má sheoltar tuarascáil nua, beidh feidhm ag na teorainneacha ama a shonraítear i mír 1, pointe (a).
3. Ní cheartófar an tuarascáil ar an bhfógra don chalafoirt ina dtugtar gabháil i dtír ach féadfar é a chur ar ceal. Má chuirtear fógra don chalafoirt ina dtugtar gabháil i dtír ar ceal agus má sheoltar ceann nua, beidh feidhm ag na teorainneacha ama a shonraítear i mír 1 [...], ***pointe (c)***.

4. Sloinnfear an fhaisnéis sna tuarascálacha dá dtagraítear i mír 1 ina cileagraim bheomheáchain.
5. Ní ghabhfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais do thrasloingsiú ná d'oibríochtaí iascaireachta comhpháirteacha le soithí de chuid Páirtithe Neamh-Chonarthacha nár deonaíodh stádas Páirtithe Neamh-Chonarthacha gníomhacha comhoibríocha dóibh.
6. Ní dhéanfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a ghabhann d'oibríochtaí trasloingsithe lena ndéantar cainníochtaí a lódáil ar bord aon ghníomhaíocht iascaireachta eile, lena n-áirítear oibríochtaí iascaireachta comhpháirteacha, le linn an turais chéanna.

Airteagal 16

Córas faireacháin soithí

1. Déanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
 - (a) LFI a bhunú agus a oibriú *i gcomhréir le hAirteagal 9 agus Airteagal 9a de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009* agus foráil a dhéanamh maidir le nósanna imeachta cúltaca agus aisghabhála i gcás ina gcliseann ar an gcóras;

- (b) córas faireacháin soithí VMS a chur chun feidhme dá soithí iascaireachta a dhéanann gníomhaíochtaí iascaireachta, nó a bheartaíonn gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh, sa Limistéar Rialála;
- (c) a cheangal ar a soithí iascaireachta atá i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála a bheith feistithe le córas uathrialach lenar féidir teachtaireachtaí a tharchur go huathoibríoch chuig LFI, rud a fhágfaidh go bhféadfar suíomh an tsoithigh iascaireachta a rianú go leanúnach;
- (d) a áirithiú go gcuireann an córas uathrialach ar a cumas do shoitheach iascaireachta tuarascálacha a chur in iúl trí shatailít do LFI lena n-áirítear an fhaisnéis seo a leanas:
 - (i) sonraí aitheantais an tsoithigh;
 - (ii) suíomh geografach is déanaí an tsoithigh (domhanfhad, domhanleithead), le harráid suímh a bheidh níos lú ná 500 m, agus le heatramh muiníne 99 %;
 - (iii) an dáta agus an t-am a socraíodh suíomh an tsoithigh dá dtagraítear i bpointe (ii); agus
 - (iv) an luas agus an cúrsa ag an am a socraíodh suíomh an tsoithigh dá dtagraítear i bpointe (ii).

- (e) na tuairiscí ar shuíomh a tharchur chuig Rúnaíocht NEAFC *a luaithe a gheofar iad*, i gcás soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu ar dhul isteach sa Limistéar Rialála dóibh nó ar imeacht as agus uair amháin gach uair an chloig ar a laghad, agus iad ag oibriú sa Limistéar Rialála;
- (f) oibriú i gcomhar leis an gCoimisiún, le EFCA agus le Rúnaíocht NEAFC chun bunachar sonraí a choinneáil ar bun lena dteorannaítear an Limistéar Rialála atá oiriúnach chun comhordanáidí a allmhairiú go díreach isteach i gCóras Faisnéise Geografaí. Déanfar athruithe ar na comhordanáidí sin a chur in iúl do Rúnaíocht NEAFC gan mhoill i bhfoirm atá inléite ag ríomhaire i gcomhréir leis na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn IX agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip. Beidh na comhordanáidí gan dochar do sheasamh gach Ballstáit maidir le teorannú na limistéar farraige faoina cheannasacht agus faoina dhlínse;
- (g) a áirithiú go ndéanfar na sonraí a fhaightear ó VMS óna soithí iascaireachta[...] a thaifeadadh i bhfoirm atá inléite ag ríomhaire agus a stóráil go ceann 3 bliana ar a laghad; agus
- (h) maidir le hiascaireacht ghrinnill sa Limistéar Rialála:
 - (i) córas uathoibríoch a chur chun feidhme a bheidh in ann faireachán a dhéanamh ar iascaireacht ghrinnill a d'fhéadfadh a bheith ann i limistéir lasmuigh de na limistéir iascaireachta grinnill atá ann cheana agus í a bhrath, agus a bheidh in ann faireachán a dhéanamh ar iascaireacht a d'fhéadfadh a bheith ann laistigh de limistéir iascaireachta grinnill atá iata agus í a bhrath; agus
 - (ii) a áirithiú go ndéanfar teorannú limistéar iascaireachta grinnill atá iata a shuiteáil *agus go mbeidh siad cothrom le dáta* ina CFS.

2. Áiritheoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais go mbeidh na gairis rianaithe satailíte ag feidhmiú go hiomlán i gcónaí agus go dtarchuirfear an fhaisnéis i mír 1 chuig LFI. I gcás cliseadh teicniúil nó neamhoibriú an ghairis rianaithe satailíte atá feistithe ar bord soithigh iascaireachta, déanfar an gaireas a dheisiú nó gaireas nua a chur ina ionad laistigh de mhí amháin tar éis an teagmhais sin. Tar éis na tréimhse sin, beidh toirmeasc ar thús a chur le turas iascaireachta le gaireas rianaithe satailíte lochtach. I gcás ina stadann gaireas d'fheidhmiú agus ina maireann turas iascaireachta níos mó ná mí amháin, déanfar an deisiúchán nó an t-ionadú a luaithe a théann an soitheach isteach i gcalafort, agus ní údarófar an soitheach iascaireachta le leanúint ar aghaidh le turas iascaireachta nó tús a chur le ceann gan an gaireas rianaithe satailíte a bheith deisithe nó ceann eile a bheith curtha ina ionad.
3. Déanfaidh máistir soithigh iascaireachta ina bhfuil gaireas rianaithe CFS lochtach tuarascálacha ina bhfuil an fhaisnéis a liostaítear i mír 1, pointe (d) a chur in iúl do LFI, gach 4 uair an chloig ar a laghad, i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn X.

Airteagal 17

Cumarsáid le Rúnaíocht NEAFC

1. Úsáidfí na Ballstáit córas leictreonach tuairiscithe chun na tuarascálacha agus an fhaisnéis a tharchur gan mhoill chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip, agus an méid seo a leanas á chur chun feidhme:
 - (a) Sainiú Scéimre XML ar Réimse na Gníomhaíochta Iascaireachta ar bhonn chaighdeán NA/FLUX P1000-3 a chomhlíonann Doiciméad Cur Chun Feidhme FLUX maidir le Gníomhaíochtaí Iascaireachta arna ghlacadh ag NEAFC agus ar thug an Coimisiún fógra ina leith, chun sonraí logleabhair iascaireachta, sonraí réamhfhógra, sonraí maidir le dearbhú trasloingsithe, agus sonraí dearbhaithe maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15 a mhalartú;

- (b) Sainiú Scéimre XML ar Réimse Shuíomh an tSoithigh ar bhonn chaighdeán NA/FLUX P1000-7 a chomhlíonann Doiciméad Cur Chun Feidhme FLUX maidir le Suíomh Soithigh arna ghlacadh ag NEAFC agus ar thug an Coimisiún fógra ina leith, chun sonraí CFS dá dtagraítear in Airteagal 16 a thuairisciú; agus
 - (c) formáidí malartaithe sonraí agus córais tarchurtha sonraí a chomhlíonann na rialacha a leagtar amach in Iarscríbhinn XI.
2. I gcás mífheidhm theicniúil, tarchuirfear tuarascálacha chuig Rúnaíocht NEAFC laistigh de 24 uair an chloig tar éis iad a fháil nó de réir mar a chomhaontaítear ar shlí eile le Rúnaíocht NEAFC, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla sna Treoirínte Leanúnachais Gnó i gCóras Bainistithe Slándála Faisnéise NEAFC.
3. Comhlíonfaidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach in Airteagail 14 agus 15 agus Airteagal 16(2) agus (3). Ní mheasfar gur glacadh leis na tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí iascaireachta dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15 ach amháin má fhaightear admháil dhearfach ó Rúnaíocht NEAFC. Cuirfidh LFI an Bhallstáit brataí máistir an tsoithigh iascaireachta ar an eolas gan mhoill maidir le stádas na tuarascála a fuair Rúnaíocht NEAFC.

4. Máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais nach bhfuair admháil dhearfach ar thuarascáil ar ghníomhaíocht iascaireachta ó Rúnaíocht NEAFC, déanfaidh sé leasuithe iomchuí láithreach agus cuirfidh sé an tuarascáil ar ghníomhaíochtaí iascaireachta faoi bhráid LFI brataí an athuair. Mura bhfaigheann an máistir admháil dhearfach fós, nó mura féidir tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a leasú nó a chur isteach an athuair de dheasca teorainneacha ama, rachaidh an máistir i dteagmháil le LFI an Bhallstáit brataí chun an treoraíocht is gá a fháil maidir le nósanna imeachta leantacha, chun a áirithiú go gcuirfear isteach na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15.
5. I gcás teipeanna trealaimh nó teipeanna tarchuir lena gcuirtear cosc ar thuarascálacha ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a thíolacadh i gceart, tabharfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais fógra láithreach do LFI an Bhallstáit brataí faoi fhadhbanna a imríonn tionchar ar na malartuithe sonraí agus, de réir mar is iomchuí, cuirfidh sé ionad monatóireachta iascaigh an Bhallstáit brataí ar an eolas faoi aon ghníomhaíocht a rinneadh chun an mhainneachtain a réiteach. Cuirfidh LFI na nósanna imeachta leantacha is gá in iúl don mháistir lena áirithiú go gcuirfear isteach na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14 agus 15, más gá, trí mhodhanna malartacha a úsáid.

6. Beidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais feistithe le córas leictreonach taifeadta agus tuairiscithe ar bord, a fheidhmeoidh go hiomlán i gcónaí. I gcás mífheidhm theicniúil sa chóras leictreonach taifeadta agus tuairiscithe ar bord soitheach iascaireachta de chuid an Aontais:
- (a) déanfar an córas a dheisiú nó a athsholáthar laistigh de mhí amháin agus a luaithe a thiocfaidh an soitheach iascaireachta isteach i gcalafort, cibé acu is túsce; agus
 - (b) ní bheidh sé d'údarás ag an soitheach iascaireachta calafort a fhágáil chun tús a chur leis an iascaireacht gan an córas a dheisiú nó córas nua a chur ina ionad.
7. Féadfaidh LFI, mar nós imeachta cúltaca agus tar éis meastóireacht agus bailíochtú aonair, glacadh le tuarascálacha lasmuigh de na teorainneacha ama nó tuarascálacha a cheartú nó a chruthú de láimh. Sna cásanna sin ar fad, úsáidfí LFI marcáil LFI a leagtar amach in Iarscríbhinn XII agus tuarascálacha agus faisnéis á gcur in iúl aige do Rúnaíocht NEAFC. Beidh marcáil LFI ina cuid de na nósanna imeachta cúltaca a comhaontaíodh agus úsáidfear í i gcásanna nach bhfuil máistir an tsoithigh in ann na ceanglais tuairiscithe a chomhlíonadh, de dheasca fadhbanna teicniúla ar bord an tsoithigh nó fadhbanna cumarsáide idir an soitheach agus a LFI. Féadfar marcáil LFI a úsáid freisin i gcásanna ina gcuireann fadhbanna cumarsáide idir LFI agus Rúnaíocht NEAFC moill ar mhalartuithe sonraí. Cuirfidh marcáil LFI in iúl gur chuidigh LFI leis an soitheach iascaireachta tríd an tuarascáil a láimhseáil thar ceann an mháistir, tar éis meastóireacht agus bailíochtú aonair a dhéanamh ar thuarascáil.

8. Féadfaidh na Ballstáit, EFCA agus an Coimisiún teachtaireacht maidir le filleadh a iarraidh ar Rúnaíocht NEAFC gach uair a tharchuirfear tarchur leictreonach tuarascála nó teachtaireachta san fhormáid a shonraítear in Iarscríbhinn XI.
9. Déileálfar faoi rún leis na tuarascálacha agus leis na teachtaireachtaí uile a chuirtear in iúl de bhun Airteagail 14, 15 agus 16.

Airteagal 18

Tuairisciú domhanda ar ghabháil agus ar iarracht iascaireachta

1. I gcomhréir le hAirteagal 33(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, cuirfidh gach Ballstát in iúl don Choimisiún, trí ríomh-tharchur roimh an 15ú lá de gach mí, cainníochtaí na n-acmhainní iascaigh a ghabh soithí a bhfuil a bhratach ar foluain acu le linn na míosa roimhe sin sa Limistéar Rialála, agus i limistéir atá faoi dhlínse iascaigh náisiúnta tríú tíortha agus in uiscí an Aontais i Limistéar an Choinbhinsiúin freisin.
2. Tiomsóidh an Coimisiún na sonraí dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na Ballstáit uile agus cuirfidh sé ar aghaidh chuig Rúnaíocht NEAFC staidreamh míosúil sealadach an Aontais ar ghabhálacha i gcomhréir leis na ceanglais arna bhformheas ag NEAFC.

Roinn 4

Cigireacht chomhpháirteach agus faireachas comhpháirteach

Airteagal 19

Forálacha ginearálta maidir le cigireachtaí agus faireachas

1. Comhordóidh EFCA na gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais don Aontas faoi raon feidhme Scéim NEAFC, na gníomhaíochtaí faoi na bearta um rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt dá dtagraítear i Roinn 5 san áireamh. Féadfaidh sé, i gcomhairle leis na Ballstáit lena mbaineann agus leis an gCoimisiún, plan imlonnaithe comhpháirteach dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2019/473 a tharraingt suas le haghaidh rannpháirtíocht an Aontais i Scéim NEAFC le haghaidh na bliana dár gcionn.

2. Glacfaidh na Ballstáit a bhfuil a soithí iascaireachta i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta sa Limistéar Rialála na bearta is gá chun cur chun feidhme Scéime NEAFC a éascú, go háirithe maidir leis na hacmhainní daonna agus ábhair is gá agus leis na tréimhsí agus na limistéir ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.
3. I gcás ina mbeidh, aon tráth, níos mó ná 10 soitheach iascaireachta de chuid an Aontais ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéantar i ndáil le hacmhainní rialáilte sa Limistéar Rialála, áiríteoidh EFCA agus na Ballstáit lena mbaineann go mbeidh soitheach cigireachta i láthair i rith an ama sin sa Limistéar Rialála nó go mbeidh comhaontú curtha i gcrích le Páirtí Conarthach eile chun dul i gcomhar maidir le soitheach cigireachta agus chun í a oibriú go comhpháirteach.
4. Áiríteoidh na Ballstáit **agus EFCA** go ndéanfar na cigireachtaí ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus i gcomhréir le Scéim NEAFC. Beidh líon na gcigireachtaí bunaithe ar mhéid an chabhlaigh agus tríd an am a chaitear sa Limistéar Rialála a chur san áireamh. Agus na cigireachtaí sin á ndéanamh, áiríteofar go gcaithfear go cothrom leis na Páirtithe Conarthacha uile a bhfuil soithí iascaireachta acu atá ag oibriú sa Limistéar Rialála.

Cigirí NEAFC

1. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil a gcuid soithí iascaireachta údaraithe le hiascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Rialála cigirí a shannadh do Scéim NEAFC chun gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta a dhéanamh ('cigirí NEAFC').
2. Eiseoidh na Ballstáit doiciméad aitheantais speisialta do gach cigire de chuid NEAFC i gcomhréir leis an bhformáid a leagtar amach in Iarscríbhinn XIII.
3. Agus é ag dul ar bord soithigh iascaireachta, beidh an doiciméad aitheantais speisialta ag gach cigire de chuid NEAFC agus tabharfaidh sé ar aird é.
4. Seachnóidh cigirí NEAFC dul i muinín an fhornirt ach amháin i gcás féinchosaint dhlisteanach. Agus iad i mbun cigireachta ar bord soithí iascaireachta, ní bheidh aon arm tine ar iompar ag cigirí NEAFC.
5. Seachnóidh cigirí NEAFC a bheith ina gcúis míchaoithiúlachta don soitheach iascaireachta, nó cur isteach ar a cuid gníomhaíochtaí nó ar an ngabháil atá ar bord, ach amháin i gcás ina mbeidh gá leis sin d'fhonn a gcuid dualgas a chur i gcrích agus sa mhéid sin amháin.
6. Áiríteoidh na Ballstáit go gceadófar do chigirí de chuid NEAFC ó Pháirtí Conarthach eile cigireacht a dhéanamh ar bord soithí iascaireachta a bhfuil bratach na mBallstát sin ar foluain acu.

Airteagal 21

Modhanna rialaithe agus cigireachta

1. Cuirfidh na Ballstáit acmhainní leordhóthanacha ar fáil dá gcigirí de chuid NEAFC chun go mbeidh siad in ann a gcuid cúramaí faireachais agus cigireachta a chur i gcrích agus sannfaidh siad soithí agus aerárthaí cigireachta don Scéim NEAFC.
2. Faoin 1 Nollaig gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra do EFCA faoin bhfaisnéis seo a leanas:
 - (a) ainmneacha agus uimhreacha uathúla chigirí NEAFC, lena n-áirítear a seoladh ríomhphoist; agus
 - (b) na soithí cigireachta, chomh maith leis na cineálacha aerárthaí agus a sonraí sainaitheantais (cláruimhir, ainm, comhartha aitheantais raidió agus seoltaí ríomhphoist) a sannadh do Scéim NEAFC le linn na bliana sin.
3. Faoin 1 Eanáir gach bliain déanfaidh EFCA an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a thiomsú agus a sheoladh chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún i gcóip.

4. Cuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 in iúl do EFCA, a chuirfidh in iúl do Rúnaíocht NEAFC é agus an Coimisiún i gcóip.
5. Soláthrófar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 4 go leictreonach i gcomhréir leis na formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.
6. Soithí cigireachta a shannfar do Scéim NEAFC agus a mbeidh cigirí de chuid NEAFC ar iompar acu, chomh maith leis na háiríochtaí bordála a bheidh á n-úsáid ag an soitheach sin, beidh comhartha cigireachta NEAFC mar a léirítear in Iarscríbhinn XV ar taispeáint acu. Maidir le haerárthaí a shannfar do Scéim NEAFC, déanfar a gcomhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió a chur ar taispeáint go soiléir orthu.
7. Tabharfaidh na Ballstáit agus EFCA fógra do Rúnaíocht NEAFC maidir le himlonnú a soithí agus a n-aerárthaí cigireachta a shannfar do Scéim NEAFC tríd an gcuid shlán de shuíomh gréasáin NEAFC nó mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XVI.
8. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do EAFC maidir le himlonnú a soithí agus a n-aerárthaí cigireachta arna sannadh do Scéim NEAFC lena gcomhordófar gach imlonnú de chuid an Aontais agus lena gcoinneofar taifead ar an dáta agus ar an uair a thosaítear agus a fhoirceanttar dualgais na soithí agus na n-aerárthaí cigireachta sin.

Airteagal 22

Nósanna imeachta faireachais

1. Beidh an faireachas bunaithe ar amhairc a dhéanfaidh cigirí de chuid NEAFC nó ar mhodhanna eile faireachais ó shoitheach nó aerárthach a shannfar do Scéim NEAFC.
2. Déanfaidh cigirí NEAFC an tuarascáil faireachais a chomhlánú ■ agus cuirfidh siad cóip faoi bhráid EFCA.
3. Déanfaidh an Ballstát cigireachta **nó** EFCA na sonraí ó gach tuarascáil faireachais a chur ar aghaidh gan mhoill trí bhíthin tarchur leictreonach i dtuarascáil amhairc a mbeidh formáid inti i gcomhréir le ■ hIarscríbhinn XVII chuig **an mBallstát brataí nó** chuig Páirtí Conarthach an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann agus chuig Rúnaíocht NEAFC. Cuirfidh Ballstát na sonraí sin ar aghaidh agus EFCA i gcóip. Déanfar aon íomhá a ghabhtar le linn an fhaireachais a chur ar aghaidh, arna iarraidh sin, **chuig an mBallstát brataí nó** chuig Páirtí Conarthach an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann.

Airteagal 23

Nósanna imeachta cigireachta ar muir

1. Ní rachaidh cigirí NEAFC ar bord aon soitheach iascaireachta gan fógra a tharchur le raidió roimh ré chuig an soitheach sin nó gan an comhartha cuí a thabhairt don soitheach sin agus úsáid á baint as an gCód Idirnáisiúnta Comharthaí, lena n-áirítear sainaitheantas an ardáin cigireachta. Ní bheidh sé riachtanach, áfach, admháil a thabhairt go bhfuarthas an fógra sin.

2. Beidh sé d'údarás ag cigirí NEAFC gach limistéir, deic agus seomra ábhartha a iniúchadh sa soitheach iascaireachta, chomh maith leis an ngabháil (bíodh sí próiseáilte nó neamhphróiseáilte), na líonta nó trealamh eile, an fearas agus aon doiciméad ábhartha a mheasfaidh siad a bheith riachtanach d'fhonn comhlíonadh na mbeart caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag NEAFC a fhíorú agus beidh sé d'údarás acu an máistir, nó duine arna ainmniú ag an máistir, a cheistiú.
3. Ní chuirfear de cheangal ar an soitheach iascaireachta a bheidh le bordáil stopadh ná ainliú agus iascaireacht, scaoileadh nó tarlú ar siúl aici. Féadfaidh cigirí NEAFC a ordú go stopfar de tharlú an trealamh iascaireachta nó go gcuirfear moill air go dtí go mbeidh siad ar bord an tsoithigh iascaireachta ar choinníoll go ndéantar an t-ordú sin a tharchur laistigh de 30 nóiméad tar éis don soitheach iascaireachta an fógra roimh ré dá dtagraítear i mír 1 a fháil.
4. Féadfaidh cigirí NEAFC ordú a thabhairt do shoitheach iascaireachta moill a chur ar a dul isteach sa Limistéar Rialála nó ar a himeacht as ar feadh suas le 6 uair an chloig ón am a dhéanfaidh an soitheach iascaireachta na tuairiscí dá dtagraítear in Airteagal 14(1), pointí (b) agus (g) a tharchur.
5. Ní mhairfidh cigireacht níos mó ná 4 uair an chloig, nó an fad ama a thógann sé an líon a tharlú agus cigireacht a dhéanamh ar an líon agus ar an ngabháil, cibé ceann den dá ní is faide. I gcás ina dtuairiscítear sárú, áfach, féadfaidh cigirí NEAFC fanacht ar bord an fad is gá chun na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 34(1), pointe (b) a chur i gcrích.

6. I gcúinsí ar leith a bhaineann le méid an tsoithigh iascaireachta agus leis na cainníochtaí éisc a choinnítear ar bord, féadfaidh fad na cigireachta a bheith níos faide ná na teorainneacha a leagtar síos i mír 5. I gcásanna mar sin, ní fhanfaidh cigirí NEAFC ar bord an tsoithigh iascaireachta, in imthosca ar bith, níos faide ná an t-achar a bheidh riachtanach chun an chigireacht a chur i gcrích. Na cúiseanna le sárú a dhéanfar ar an teorainn a leagtar síos i mír 5, déanfar iad a thaifeadadh sa tuarascáil chigireachta.
7. Ní rachaidh níos mó ná *ceathrar* cigire de chuid NEAFC ar bord soitheach iascaireachta Páirtí Chonarthaigh eile.
8. Agus iad i mbun a gcigireachta, féadfaidh cigirí NEAFC a iarraidh ar an máistir aon chúnamh is gá a thabhairt.
9. Ní chuirfidh cigirí NEAFC aon bhac ar chumas an mháistir cumarsáid a dhéanamh le húdaráis an Stáit brataí le linn na bordála agus na cigireachta.
10. Déanfaidh na hardáin chigireachta a gcuid ainlithe achar sábháilte ó na soithí iascaireachta, i gcomhréir leis an dea-mhairnéalacht.

11. Déanfaidh cigirí NEAFC gach cigireacht a dhoiciméadú trí thuarascáil chigireachta a chomhlánú san fhormáid a shuítear in Iarscríbhinn XVIII. Féadfaidh an máistir barúlacha den tuarascáil chigireachta a thabhairt agus síneoidh cigirí NEAFC í ag deireadh na cigireachta. Cuirfidh cigirí NEAFC cóip den tuarascáil chigireachta ar fáil do mháistir an tsoithigh iascaireachta.
12. Tarchuirfidh cigirí NEAFC cóip de gach tuarascáil chigireachta gan mhoill chuig EFCA agus déanfaidh siad an fhaisnéis faoin tuarascáil chigireachta a uaslódáil go pras chuig an gcuid shlán de shuíomh gréasáin NEAFC. Déanfar an bhunchóip nó cóip dheimhnithe de gach tuarascáil chigireachta a chur ar aghaidh, arna iarraidh sin, chuig *an mBallstát brataí nó* chuig Páirtí Conarthach an tsoithigh a ndearnadh cigireacht uirthi.

Airteagal 24

Na hoibleagáidí ar mháistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais le linn cigireacht ar muir

Déanfaidh máistir soithigh iascaireachta de chuid an Aontais mar a leanas:

- (a) ceadóidh sé cigireacht ó chigirí NEAFC arna cur in iúl go cuí, gan beann ar an bPáirtí Conarthach a thug fógra do na cigirí;
- (b) déanfaidh sé bordáil agus díbhordáil phras shábháilte chigirí NEAFC a éascú trí dhréimire bordála a tógadh agus a úsáideadh mar a thugtar tuairisc air in Iarscríbhinn XIX a chur ar fáil;

- (c) má sholáthraítear ardaitheoir meicniúil, áiritheoidh sé gur cineál é a threalamh coimhdeach atá ceadaithe ag na húdaráis inniúla; beidh an dearadh agus an tógáil sin de chineál a áiritheoidh go bhféadfar na cigirí a bhordáil agus a dhíbhordáil ar bhealach sábháilte lena n-áirítear rochtain shábháilte ar an deic ón ardaitheoir agus *vice versa*; coinneofar dréimire bordála a chomhlíonann Iarscríbhinn XIX ar an deic in aice leis an ardaitheoir agus é ar fáil lena úsáid láithreach;
- (d) comhoibreoidh sé agus tabharfaidh sé cúnamh maidir le cigireacht an tsoithigh iascaireachta arna déanamh de bhun an Rialacháin seo, agus ní chuirfidh sé bac ná imeagla ar chigirí NEAFC ná ní chuirfidh sé isteach orthu agus iad i mbun a ndualgas agus áiritheoidh sé a sábháilteacht;
- (e) ligfidh sé do chigirí NEAFC cumarsáid a dhéanamh le húdaráis an Stáit brataí agus le húdaráis an Pháirtí Chonarthaigh;

- (f) tabharfaidh sé rochtain dóibh ar aon limistéar, deic nó seomra de chuid an tsoithigh iascaireachta, ar an ngabháil (bíodh sí próiseáilte nó neamhphróiseáilte), ar na líonta nó ar threalamh eile, ar fhearas, agus ar aon fhaisnéis nó aon doiciméad ábhartha a cheapann an cigire a bheith riachtanach i gcomhréir le hAirteagal 23(2);
- (g) cuirfidh sé cóipeanna de dhoiciméid ar fáil de réir mar a éileoidh cigirí NEAFC iad; agus
- (h) cuirfidh sé áiseanna réasúnacha ar fáil do chigirí NEAFC, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, bia agus cóiríocht i gcás ina bhfanfaidh siad ar bord an tsoithigh i gcomhréir le hAirteagal 37(3).

Roinn 5

Rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt ar shoithí iascaireachta tríú tír de chuid na bPáirtithe Conarthacha

Airteagal 25

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le húsáid chalafoirt na mBallstát ag soithí iascaireachta a bhfuil acmhainní iascaigh ar bord acu, arna ngabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu, agus nár tugadh i dtír ná nár trasloingsíodh cheana ag calafort. Tá feidhm aige freisin maidir le máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais nó a n-ionadaí a bhfuil sé beartaithe acu dul isteach i gcalafort Páirtí Chonarthaigh eile a mbeidh acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin ar bord acu agus nár tugadh i dtír ná nár trasloingsíodh cheana ag calafort.

Airteagal 26

Cur i bhfeidhm Chomhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt

1. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag forálacha Chomhaontú ar Bhearta Stát an Chalafoirt chun Iascaireacht Neamhdhleathach, Neamhthuiriscithe agus Neamhrialáilte a Chosc, a Dhíspreagadh agus a Dhíothú²⁵ ('Comhaontú FAO PSMA') mar chaighdeán íosta maidir le rialú arna dhéanamh ag Stát an chalafoirt ar shoithí iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 25, gan dochar d'fhorálacha breise atá sa Roinn seo.
2. Comhoibreoidh na Ballstáit i gcur chun feidhme éifeachtach Chomhaontú FAO ar Bhearta Stát an Chalafoirt agus i malartú na faisnéise atá ábhartha do chur chun feidhme Scéim NEAFC.

²⁵ IO L 191, 22.7.2011, lch. 3.

Airteagal 27

Calafoirt ainmnithe

1. Soithí a bhfuil acmhainní iascaigh ar bord acu arna ngabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin ag soithí iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh eile ar foluain acu agus nár tugadh i dtír ná nár trasloingsíodh roimhe sin ag calafort, déanfaidh na Ballstáit na calafoirt ina bhféadfaidh siad iad a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú nó úsáid a bhaint as seirbhísí calafoirt a ainmniú. Cuirfidh siad liosta na gcalafort sin in iúl don Choimisiún. Áireofar sa liosta sin an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn XX agus seolfar chuig an gCoimisiún é 15 lá ar a laghad sula dtiocfaidh sé i bhfeidhm.
2. Cuirfidh na Ballstáit aon athrú ar an liosta chuig an gCoimisiún 15 lá ar a laghad sula dtiocfaidh na hathruithe i bhfeidhm.
3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra gan mhoill do Rúnaíocht NEAFC maidir leis na calafoirt sin agus maidir le haon athrú ar an liosta.
4. Ní cheadófar do shoithí iascaireachta dá dtagraítear in Airteagal 25 tabhairt i dtír ná trasloingsiú ná seirbhísí calafoirt a úsáid ach amháin i gcalafort ainmnithe.

Réamhfhógra faoi dhul isteach i gcalafort

1. Máistrí soithí iascaireachta a bhfuil éisc dá dtagraítear in Airteagal 25 á n-iompar acu a bhfuil sé beartaithe acu cuairt a thabhairt ar chalafort de chuid an Aontais nó ar a n-ionadaithe agus máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar an Choinbhinsiúin ar bord acu agus a bhfuil sé beartaithe acu cuairt a thabhairt ar chalafort de chuid Páirtí Conarthach eile nó ar a n-ionadaithe, tabharfaidh siad fógra d'údaráis inniúla Stát an chalafoirt tráth nach déanaí ná 3 lá oibre roimh an am teachta measta. Féadfaidh Ballstáit an chalafoirt, áfach, tréimhse eile fógra a bhunú, agus an cineál próiseála a dhéantar ar an iasc a gabhadh nó an fad idir na meánna agus a gcalafoirt, go háirithe, á gcur san áireamh. I gcás mar sin, cuirfidh Ballstát an chalafoirt lena mbaineann é sin in iúl don Choimisiún gan mhoill, a chuirfidh Rúnaíocht NEAFC ar an eolas go pras.
2. Déanfar an réamhfhógra dá dtagraítear i mír 1 a thabhairt ar shuíomh gréasáin NEAFC ach an fhoirm don Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoirt (RSC) dá bhforáiltear in Iarscríbhinn XXI a líonadh isteach agus Cuid A líonta isteach go cuí mar a leanas:
 - (a) úsáidfear foirm RSC 1 i gcás ina bhfuil a ghabháil féin á hiompar ag an soitheach;
 - (b) úsáidfear foirm RSC 2 i gcás ina raibh an soitheach i mbun oibríochtaí trasloingsithe, agus an fhaisnéis á cur ar fáil ar leithligh maidir le gabhálacha ó gach soitheach deontóra.

3. Má tá suíomh gréasáin NEAFC as líne, seolfar an réamhfhógra dá dtagraítear i mír 1 tríd an ríomhphost nó trí chóras atá facsbhunaithe.
4. Féadfaidh an duine a thug an réamhfhógra dá dtagraítear i mír 1 é a chealú trí fhógra a thabhairt d'údaráis inniúla an chalafoirt a bhí beartaithe ag an máistir a úsáid tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig roimh an am teachta measta sa chalafort sin. Féadfaidh Ballstáit an chalafoirt tréimhse eile fógra a shuíomh le haghaidh cealú. I gcás mar sin, cuirfidh Ballstát an chalafoirt lena mbaineann é sin in iúl don Choimisiún gan mhoill, a chuirfidh Rúnaíocht NEAFC ar an eolas go pras.
5. Seolfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt cóip de na fógraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 4 ar aghaidh gan mhoill chuig Rúnaíocht NEAFC, Stát brataí an tsoithigh iascaireachta agus Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás ina raibh an soitheach iascaireachta ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe.

Airteagal 29

Údarú le tabhairt i dtír, le trasloingsiú agus le húsáid eile calafort

1. Áiritheoidh Ballstáit an chalafoirt, tar éis fógra arna tharchur de bhun Airteagal 28, go ndéanfaidh Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a bhfuil sé beartaithe aici tabhairt i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh nó, i gcás ina raibh an soitheach iascaireachta ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe lasmuigh de chalafort, an Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra, Cuid B den fhoirm RSC a chomhlánú chun an méid seo a leanas a dheimhniú nó a mhalairt:
 - (a) go raibh cuóta leordhóthanach maidir leis an speiceas dearbhaithe ag an soitheach iascaireachta a dhearbhaigh gur ghabh sí an t-iasc;
 - (b) gur tuairiscíodh na cainníochtaí éisc ar bord go cuí agus gur cuireadh san áireamh iad chun aon teorainn a ríomh a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i leith na gabhála nó na hiarrachta;

- (c) go raibh údarú le hiascaireacht a dhéanamh sna limistéir dhearbhaithe ag na soithí iascaireachta a dhearbhaigh gurbh iad a ghabh an t-iasc;
 - (d) gur deimhníodh de réir sonraí VMS go raibh an soitheach i láthair sa limistéar gabhála dearbhaithe.
2. Ní chuirfidh máistir an tsoithigh iascaireachta tús leis na hoibríochtaí maidir le tabhairt i dtír nó trasloingsiú ná ní bhainfidh sé úsáid as seirbhísí calafoirt sula dtabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt údarú dó trí Chuid C den fhoirm RSC a chomhlánú go cuí ar shuíomh gréasáin NEAFC, agus sula mbeidh an t-am teachta measta a tuairiscíodh sa réamhfhógra (RSC1 nó RSC2) dulta in éag. Ní thabharfar an t-údarú sin ach amháin i gcás ina mbeidh an dearbhú ón Stát brataí dá dtagraítear i mír 1 faighte. Mar sin féin, féadfar oibríochtaí maidir le tabhairt i gcrích nó le trasloingsiú agus úsáid a bhaint as seirbhísí calafoirt eile a thosú roimh an am teachta measta ach cead a fháil ó údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt.
3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh Ballstát an chalafoirt tabhairt i dtír iomlán nó cuid di a údarú gan an dearbhú ón Stát brataí dá dtagraítear i mír 1, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:
- (a) coimeádfar an t-iasc lena mbaineann i stóras faoi rialú na n-údarás inniúil;

- (b) ní scaoilfear an t-iasc lena mbaineann le haghaidh a dhíolta, a athshealbhaithe nó a iompair, go dtí go bhfaighfear an dearbhú dá dtagraítear i mír 1; agus
 - (c) mura bhfaighfear an dearbhú laistigh de 14 lá tar éis thabhairt i dtír an éisc, féadfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt an t-iasc a choigistiú agus é a dhiúscairt i gcomhréir leis na rialacha náisiúnta.
4. Ní údarófar tabhairt i dtír ná trasloingsiú ná úsáid eile sheirbhísí an chalafoirt má fhaigheann Ballstát an chalafoirt fianaise shoiléir gur tógadh an ghabháil éisc atá ar bord de shárú ar na ceanglais is infheidhme ar Pháirtí Conarthach maidir le limistéir faoina dhlínse náisiúnta.
5. A gcinneadh cibé acu ar deonaíodh nó nár deonaíodh údarú le tabhairt i dtír, le trasloingsiú nó le húsáid eile a bhaint as seirbhísí calafoirt, tabharfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt fógra gan mhoill faoi do mháistir an tsoithigh nó d'ionadaí an mháistir, do Stát brataí an tsoithigh agus do Rúnaíocht NEAFC trí Chuid C den fhoirm RSC a chomhlánú de réir mar is iomchuí.

Cigirí calafoirt agus oifigigh NEAFC

1. Is oifigigh údaraithe de chuid na mBallstát a mbeidh eolas acu ar Mholtaí arna mbunú faoin gCoinbhinsiún a dhéanfaidh na cigireachtaí.
2. Faoi réir chomhaontú Bhallstát an chalafoirt, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar chigirí Páirtithe Conarthacha eile a bheith i gcuideachta chigirí an Bhallstáit calafoirt agus breathnú ar an gcigireacht.
3. Faoin 1 Nollaig gach bliain tabharfaidh Ballstáit an chalafoirt fógra do EFCA ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas:
 - (a) ainmneacha agus mionsonraí chigirí calafoirt NEAFC atá údaraithe le cigireachtaí a dhéanamh faoi raon feidhme Chaibidil V de Scéim NEAFC i gcomhréir le formáid Iarscríbhinn XIV;
 - (b) ainmneacha agus sonraí na n-oifigeach a údaraíonn tabhairt i dtír, trasloingsiú agus úsáid seirbhísí eile calafoirt.
4. Faoin 1 Eanáir gach bliain déanfaidh EFCA an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a thiomsú agus a sheoladh chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún i gcóip.
5. Cuirfidh na Ballstáit aon athrú ar na liostaí dá dtagraítear i mír 3 in iúl do EFCA, a chuirfidh ar aghaidh iad gan mhoill chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún i gcóip.

Cigireachtaí sa chalafort

1. I gcomhthéacs na scéime cigireachta comhpháirtí agus faireachais chomhpháirtigh dá dtagraítear in Airteagal 19(1), áiríteoidh na Ballstáit go mbunófar cigireachtaí calafoirt ar shoithí iascaireachta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 25 ar mhodheolaíocht chomhchuibhithe um measúnú riosca arna bunú i gcomhar le EFCA agus faoina chomhordú, agus na treoirlínte ginearálta a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII á gcur san áireamh.
2. Maidir le measúnú riosca agus, i gcás inarb iomchuí, le cigireacht, tar éis réamhfhógra dá dtagraítear in Airteagal 28, áiríteoidh na Ballstáit go ndéanfaidh cigirí calafoirt NEAFC measúnú ar shonraí an logleabhair leictreonaigh iascaireachta agus ar na sonraí VMS maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile laistigh den Limistéar Rialála a sheol an soitheach lena mbaineann chuig Rúnaíocht NEAFC ar feadh tréimhse bliana amháin roimh an tabhairt i dtír atá beartaithe. I gcás trasloingsithe, déanfar measúnú freisin ar shonraí na soithí deontóra.
3. Maidir le gach bliain, déanfaidh gach Ballstát cigireachtaí ar 5 % ar a laghad de ghabhálacha a thugtar i dtír nó de thrasloingsiú éisc úir agus 7,5 % ar a laghad d'iasc reoite ina chalafoirt faoi réir Airteagal 25. Déanfar cigireacht ar shoitheach iascaireachta a dhéanann gabhálacha úra agus reoite araon a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú a chomhaireamh in aghaidh na dtagarmharcanna d'iasc úr agus d'iasc reoite araon.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cigireachtaí ar bhealach cothrom trédhearcach neamh-idirdhealaitheach agus nach ciapadh ar oibreoirí aon soithigh iascaireachta a bheidh i gceist leo.
5. Áiritheoidh na Ballstáit, laistigh de na nósanna imeachta cigireachta, go ndéanfaidh na cigirí an méid seo a leanas:
 - (a) *doiciméad aitheantais iomchuí a iompar agus a thaispeáint domháistir an tsoithigh iascaireachta a luaithe is féidir le linn cigireachta;*
 - (b) scrúdú a dhéanamh ar limistéir uile an tsoithigh atá ábhartha d'fhonn comhlíonadh na mbeart ábhartha caomhnaithe agus bainistíochta a fhíorú;
 - (c) a ndícheall chun nach gcuirfear moill mhíchúí ar shoitheach, chun a áirithiú go mbeidh an oiread is lú de chur isteach nó de mhíchaoithiúlacht ann don soitheach agus go seachnófar díghrádú ar cháilíocht an éisc;
 - (d) gan aon bhac ar chumas an mháistir cumarsáid a dhéanamh le húdaráis an Stáit brataí;
 - (e) a fhíorú go bhfuil doiciméid shainaitheantais an tsoithigh atá ar bord agus an fhaisnéis i ndáil le húinéir an tsoithigh fíor, iomlán agus ceart, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin teagmháil iomchuí a dhéanamh leis an Stát brataí nó trí bhíthin taifid idirnáisiúnta na soithí más gá;

- (f) a fhíorú go bhfuil bratach agus marcanna an tsoithigh, lena n-áirítear ainm, uimhir chlárúcháin sheachtrach, uimhir IMO, comhartha aitheantais idirnáisiúnta raidió agus marcanna eile, agus na príomhthoisí, comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa doiciméadacht;
- (g) a fhíorú go bhfuil na húdaruithe i gcomhair iascaireachta nó gníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht fíor, iomlán, ceart agus i gcomhréir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear i gcomhréir le hAirteagal 28;
- (h) athbhreithniú ar na doiciméid agus ar na taifid eile go léir ar bord atá ábhartha, lena n-áirítear iad sin atá i bhformáid leictreonach agus sonraí VMS ón Stát brataí nó ó na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh iomchuí; d'fhéadfadh logleabhair, doiciméid maidir leis an ngabháil, an trasloingsiú agus an trádáil, liostaí criú, pleananna agus líníochtaí stuála, tuarascálacha ar na stórais éisc, agus na doiciméid a éilítear de bhun an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol²⁶ a bheith i measc na ndoiciméad ábhartha ;
- (i) scrúdú ar an trealamh iascaireachta ábhartha uile ar bord , lena n-áirítear aon trealamh atá stuáilte as radharc chomh maith le gairis a bhaineann leis, agus a fhíorú go bhfuil siad i gcomhréir le coinníollacha na n-údaruithe; scrúdófar an trealamh iascaireachta freisin chun a áirithiú go bhfuil gnéithe ar nós méid an mhogaill agus tiús an tsreangáin, na gairis agus na ceangaltáin, toisí agus cumraíocht na n-eangach, na potaí, na dreidirí, méid agus líon na nduán, i gcomhréir leis na rialacháin is infheidhme agus go bhfuil na marcálacha ar aon dul leis na marcálacha atá údaraithe don soitheach;

²⁶ IO L 75, 19.3.2015, lch. 4.

- (j) a chinneadh ar gabhadh an t-iasc ar bord i gcomhréir leis na húdaruíthe is infheidhme;
- (k) faireachán a dhéanamh ar an díluchtú iomlán nó ar an trasloingsiú iomlán agus cros-seiceáil idir na cainníochtaí de réir speicis a taifeadadh san fhógra roimh ré faoi thabhairt i dtír agus na cainníochtaí de réir speicis a tugadh i dtír nó a trasloingsíodh;
- (l) scrúdú a dhéanamh ar an iasc, lena n-áirítear é a shampláil, chun a chainníocht agus a chomhdhéanamh a chinneadh; chun na críche sin, féadfaidh na cigirí na coimeádáin ina ndearnadh an t-iasc a réamhphacáil a oscailt agus an ghabháil nó na coimeádáin a bhogadh chun sláine na stóras éisc a chinntiú; féadfar cigireachtaí a dhéanamh ar an gcineál táirge agus ar chinneadh an mheáchain ainmniúil mar chuid den scrúdú sin;
- (m) nuair a bheidh an tabhairt i dtír nó an trasloingsiú curtha i gcrích, na cainníochtaí éisc de réir speicis a bheidh fágtha ar bord a fhíorú agus a nótaíl;
- (n) meastóireacht a dhéanamh an bhfuil fianaise shoiléir ann lena chreidiúint gur ghabh soitheach d'iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe nó neamhrialáilte nó do ghníomhaíochtaí iascaireachta mar thaca leis an gcineál sin iascaireachta;

- (o) an tuarascáil a chur ar fáil do mháistir an tsoithigh a mbeidh inti toradh na cigireachta, lena n-áirítear bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh, agus a bheidh le síniú ag an gcigire agus an máistir; ní bheidh i síniú an mháistir ar an tuarascáil ach admháil go bhfuair sé cóip den tuarascáil; tabharfar an deis don mháistir nótaí tráchta nó agóid ina haghaidh a chur leis an tuarascáil agus, de réir mar is iomchuí, tabharfar an deis dó dul i dteagmháil le húdaráis ábhartha an stáit brataí, go háirithe má bhíonn fíordheacrachtaí aige ábhar na tuarascála a thuiscint; agus
 - (p) a shocrú go ndéanfar aistriúchán ar na doiciméid ábhartha i gcás inar gá agus inar féidir.
6. Éascóidh na Ballstáit cumarsáid le máistir nó le baill shinsearacha chriú an tsoithigh, lena n-áirítear, i gcás inar féidir agus i gcás inar gá, é sin a dhéanamh trína áirithiú go mbeidh ateangaire in éineacht leis an gcigire.
7. Beidh feidhm ag an Airteagal seo de bhreis ar na rialacha maidir leis an nósanna imeachta cigireachta a leagtar amach in Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.

Airteagal 32

Oibleagáidí ar oibreoirí le linn cigireachtaí sa chalafort

1. Tá feidhm ag an Airteagal seo de bhreis ar na hoibleagáidí ginearálta a leagtar amach in *Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus* in Airteagal 113 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011.
2. Comhlíonfaidh máistir soithigh iascaireachta a bhfuil cigireacht á déanamh uirthi nó, i gcás inarb ábhartha, ionadaí an mháistir, na hoibleagáidí a leagtar amach in *Airteagal 75 de rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus* in Airteagal 114 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 404/2011 agus, i gcás inarb infheidhme, na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 24 den Rialachán seo.

Airteagal 33

Tuarascálacha cigireachta

1. Déanfar gach cigireacht de chuid NEAFC sa chalafort a dhoiciméadú trí thuarascáil ar an gcigireachta um Rialú arna dhéanamh ag Stát an Chalafoir (Foirm CPS 3) a líonadh isteach mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XXIII.
2. Féadfaidh máistir soithigh iascaireachta a chuid nótaí tráchta féin a chur leis an tuarascáil chigireachta, a shíneoidh an cigire agus an máistir ag deireadh na cigireachta. Tabharfar cóip den tuarascáil chigireachta do mháistir an tsoithigh iascaireachta nó d'ionadaí an mháistir.

3. Áiritheoidh údaráis Bhallstát an chalafoirt go ndéanfar cóip de gach tuarascáil chigireachta a tharchur gan mhoill chuig Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht uirthi, chuig Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás ina raibh an soitheach ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe, agus chuig Rúnaíocht NEAFC, agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip. Arna iarraidh sin do Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht uirthi, seolfar an bhunchóip nó cóip dheimhnithe de gach tuarascáil chigireachta chuige.
4. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla a gheobhaidh tuarascálacha cigireachta i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Roinn 6

Sáruihte

Airteagal 34

Nósanna imeachta um shárú

1. I gcás ina dtuairiscíonn cigirí sárú arna dhéanamh ag soitheach iascaireachta a bhaineann le gníomhaíocht iascaireachta ar bith, ar sárú é atá contrártha leis na bearta caomhnaithe agus bainistíochta a ghlac NEAFC, déanfaidh siad an méid seo a leanas:
 - (a) an sárú a thaifeadadh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 22(3), Airteagal 23(11) nó Airteagal 33(1);
 - (b) an fhianaise a thaifeadadh a mheastar a bheith riachtanach maidir leis an sárú;
 - (c) na bearta go léir is gá chun slándáil agus leanúnachas na fianaise a áirithiú i gcomhair cigireacht ar an duga ina dhiaidh sin; féadfar marc sainaitheantais a ghreamú go docht d'aon chuid den trealamh iascaireachta a mheasann an cigire gur cuid den trealamh í a sháraíonn na bearta is infheidhme nó atá tar éis na bearta sin a shárú; agus
 - (d) iarracht a dhéanamh cumarsáid a dhéanamh láithreach le húdaráis na mBallstát cigireachta agus le EFCA.

2. Déanfaidh an Ballstát cigireachta, nó EFCA, más é EFCA a dhéanann an chigireacht nó an faireachas, mionsonraí an tsáraithe a chur in iúl i scríbhinn agus go leictreonach d'údarás ainmnithe Stát brataí an tsoithigh a ndearnadh cigireacht uirthi agus don Choimisiún agus EFCA, nuair is féidir, laistigh den chéad lá oibre tar éis thús na cigireachta. I gcás inarb iomchuí, cuirfidh an Ballstát cigireachta nó EFCA na torthaí in iúl freisin don Pháirtí Conarthach ar ina uiscí a tharla an sárú agus don Stát ar náisiúnach de máistir an tsoithigh.
3. Seolfaidh an Ballstát cigireachta nó EFCA bunchóip na tuarascála faireachais nó cigireachta gan mhoill mar aon le haon doiciméad tacaíochta chuig údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht uirthi, agus Rúnaíocht NEAFC, an Coimisiún agus EFCA i gcóip.
4. ***I gcás ina ndéanfar sárú ar rialacha NEAFC a thaifeadadh sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 33(1), déanfaidh an Ballstát is cigire na bearta forfheidhmithe iomchuí nó tabharfaidh sé fógra, le ríomhphost, d'údaráis ainmnithe Bhallstát brataí nó Pháirtí Conarthach brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht air go bhfuil sé ar intinn aige na himeachtaí a aistriú. Beidh an nós imeachta sin gan dochar do dhlínse Bhallstát na cigireachta, an Bhallstáit brataí nó an Pháirtí Chonarthaigh brataí a ndlí féin a fhorfheidhmiú agus do dhlínse an Bhallstáit brataí maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta laistigh den Limistéar Rialála.***

Airteagal 35

Bearta leantacha i gcás sárú líomhnaithe

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis inniúla a gheobhaidh fianaise ar shárú. Na húdaráis inniúla ainmnithe ar tugadh fógra dóibh maidir le sárú arna dhéanamh ag soitheach iascaireachta de chuid an Bhallstáit sin, déanfaidh siad beart pras chun fianaise ar an sárú a fháil agus a mheas agus déanfaidh siad aon imscrúdú breise is gá chun obair leantach a dhéanamh i leith an tsáraithe agus, nuair is féidir, déanfaidh siad cigireacht ar an soitheach iascaireachta lena mbaineann.
2. Déanfaidh na Ballstáit tuarascálacha ó chigirí NEAFC de chuid Páirtithe Conarthacha eile faoi Scéim NEAFC a mheas agus gníomhóidh siad dá réir ar an mbonn céanna le tuarascálacha óna gcigirí féin. Oibreoidh na Ballstáit i gcomhar lena chéile agus le Páirtithe Conarthacha eile chun imeachtaí breithiúnacha nó imeachtaí eile a éascú a eascraíonn as tuarascáil arna cur isteach ag cigire faoi Scéim NEAFC.

Airteagal 36

Sáruithe tromchúiseacha

Chun críoch an Rialacháin seo, measfar gur sáruithe tromchúiseacha iad na sáruithe seo a leanas i leith acmhainní iascaigh:

- (a) iascaireacht a dhéanamh gan údarú bailí arna eisiúint ag an Stát brataí;
- (b) iascaireacht a dhéanamh gan chuóta nó tar éis ídiú an chuóta sin;
- (c) trealamh toirmisce the iascaireachta a úsáid;
- (d) taifead neamhchruinn tromchúiseach a dhéanamh ar ghabhálacha acmhainní rialáilte;

- (e) mainneachtain arís agus arís eile in Airteagail 14 agus 16 nó, i leith acmhainní rialáilte, in Airteagal 15 a chomhlíonadh;
- (f) tabhairt i dtír nó trasloingsiú a dhéanamh i gcalafort nach bhfuil ainmnithe i gcomhréir le hAirteagal 27;
- (g) mainneachtain sna ceanglais a shuítear in Airteagal 28(1) go (4) a chomhlíonadh;
- (h) tabhairt i dtír nó trasloingsiú gan údarú ó Stát an chalafoirt nó roimh an am teachta measta réamhfhógartha gan an cead ó Stát an chalafoirt dá dtagraítear in Airteagal 29;
- (i) bac a chur ar chigirí a gcuid dualgas a chur i gcrích;
- (j) iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar stoc atá faoi réir moratóra nó a bhfuil toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh air;
- (k) marcálacha ar shoitheach iascaireachta, nó a sainaitheantas nó a sonraí cláraithe, a fhalsú nó a cheilt;
- (l) fianaise maidir le himscrúdú a cheilt, an fhianaise sin a chur as a riocht nó í a scriosadh;

- (m) ilsáruithe arb é atá iontu, ina n-iomláine neamhaird thromchúiseach a thabhairt ar bhearta caomhnaithe agus bainistíochta;
- (n) gabháil do thrasloingsiú nó d'oibríochtaí comhpháirteacha iascaireachta in éineacht le soithí Páirtí Neamh-Chonarthaigh nár dheonaigh NEAFC stádas Páirtí Neamh-Chonarthaigh chomhoibríoch dó;
- (o) aon soláthar, aon bhreosla nó aon seirbhís eile a chur ar fáil do shoithí a cuireadh ar an liosta de shoithí a dhéanann iascaireacht NNN dá dtagraítear in Airteagal 47(1).

Airteagal 37

Gníomhaíocht leantach i gcás sáruithe tromchúiseacha

1. Má mheasann cigire go bhfuil forais shoiléire ann lena chreidiúint go ndearna máistir nó oibreoir soithigh iascaireachta sárú tromchúiseach, cuirfidh an cigire sin an sárú sin in iúl go pras d'údaráis inniúla an Bhallstáit cigireachta, don Choimisiún agus do EFCA. Déanfaidh an Ballstát cigireachta nó EFCA, i gcás inarb é EFCA a rinne an chigireacht, an fhaisnéis a chur ar aghaidh gan mhoill chuig Rúnaíocht NEAFC, chuig údaráis inniúla Stát brataí an tsoithigh agus, i gcás inarb iomchuí, chuig Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí deontóra i gcás inar ghabh an soitheach a ndearnadh cigireacht uirthi d'oibríochtaí trasloingsithe.

2. Chun fianaise an tsáraithe a chaomhnú, déanfaidh an cigire na bearta uile is gá chun slándáil agus leanúnachas na fianaise a áirithiú, agus an mhíchaoithiúlacht don soitheach agus an cur isteach ar a hoibríochtaí á n-íoslaghdú.
3. I gcás cigireacht ar muir sa Limistéar Rialála, beidh an cigire i dteideal fanacht ar bord an tsoithigh iascaireachta ar feadh na tréimhse is gá chun faisnéis a sholáthar do chigire a bheidh údaraithe go cuí ag an bPáirtí Conarthach brataí nó go dtí go gcuirfidh freagra an **Bhallstáit brataí nó** an Pháirtí Conarthaigh brataí de cheangal ar an gcigire an soitheach iascaireachta a fhágáil.

Airteagal 38

Gníomhaíocht leantach i gcás sáruithe tromchúiseacha arna ndéanamh ag soitheach iascaireachta de chuid an Aontais

1. Freagróidh an Ballstát brataí d'fhógra faoi shárú tromchúiseach gan mhoill agus áiritheoidh sé go ndéanfaidh cigire a bhfuil an t-údarú cuí aige cigireacht i leith an tsáraithe sin ar an soitheach iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann laistigh de 72 uair an chloig.
2. Tar éis fógra a thabhairt faoi thorthaí an scrúdaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus in Airteagal 37(1), ceanglóidh an Ballstát brataí, más gá sin de bharr na fianaise, ar an soitheach iascaireachta dul láithreach chuig calafort arna ainmniú ag an mBallstát brataí sin chun go ndéanfar cigireacht chríochnúil uirthi faoina údarás agus i láthair cigire de chuid NEAFC ó aon Pháirtí Conarthach eile ar mian leis a bheith rannpháirteach.

3. Féadfaidh an Ballstát brataí an Ballstát cigireachta a údarú leis an soitheach iascaireachta a thabhairt gan mhoill chuig calafort arna ainmniú ag an mBallstát brataí.
4. Mura n-iarrfar ar an soitheach iascaireachta dul chun calafoirt, tabharfaidh an Ballstát brataí údar cuí in am trátha do EFCA agus don Choimisiún, a chuirfidh an fhaisnéis ar aghaidh chuig an bPáirtí Conarthach cigireachta agus chuig Rúnaíocht NEAFC.
5. I gcás ina mbeidh sé de cheanglas ar shoitheach iascaireachta dul chun calafoirt le go ndéanfar cigireacht chríochnúil uirthi de bhun mhír 2 nó 3, féadfaidh cigire de chuid NEAFC ó Pháirtí Conarthach eile, faoi réir thoiliú Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta, dul ar bord agus fanacht ar bord an tsoithigh iascaireachta fad a bheidh sí ag dul chun calafoirt, agus féadfaidh sé a bheith i láthair le linn chigireacht an tsoithigh iascaireachta sa chalafort.
6. Cuirfidh an Ballstát brataí toradh na cigireachta agus na bearta a ghlac sé de bharr an tsáraithe in iúl don Choimisiún nó do EFCA go pras.

Airteagal 39

Bearta chun comhlíontacht a áirithiú

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar bearta iomchuí go córasach, lena n-áirítear gníomhaíocht riaracháin nó imeachtaí coiriúla i gcomhréir lena ndlí náisiúnta féin, i gcoinne na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha atá freagrach as sárú ar na bearta caomhnaithe agus bainistíochta *is infheidhme* arna nglacadh ag NEAFC *atá in-fhorfheidhmithe ina leith*.

Airteagal 40

Tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta, ar sháruithe agus ar obair leantach orthu agus ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hiascaireacht NNN

1. Faoin 1 Feabhra gach bliain tuairisceoidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas do EFCA agus don Choimisiún:
 - (a) líon na gcigireachtaí a rinne sé faoi Airteagail 22, 23 agus 31, lena sonraítear líon na gcigireachtaí a rinne Stát brataí an tsoithigh iascaireachta a ndearnadh cigireacht uirthi agus, i gcás sárú, dáta agus suíomh an tsoithigh iascaireachta ar leith agus cineál an tsáraithe;

- (b) líon uaireanta an chloig a caitheadh ag eitilt agus líon na laethanta a caitheadh ar muir ar phatróil de chuid NEAFC, líon na n-amharc a fuair an Stát brataí ar na soithí a amharcadh agus liosta de na soithí aonair iascaireachta a ndearnadh tuarascáil faireachais a chomhlánú ina dtaobh;
- (c) an líon cigireachtaí a chuir sé i gcrích ar shoithí Páirtí Neamh-Chonarthaigh faoi Scéim NEAFC, ar muir nó ina chalafoirt, ainmneacha na soithí a ndearnadh cigireacht orthu agus ainmneacha a Stát brataí, dátaí na gcigireachtaí, ainm aon chalafoirt ina ndearnadh na cigireachtaí agus torthaí na gcigireachtaí sin;
- (d) sa chás inar cuireadh iasc i dtír nó inar trasloingsíodh é tar éis cigireachta de bhun Scéim NEAFC, an fhianaise arna soláthar de bhun Airteagal 46; agus
- (e) stádas na n-imeachtaí a bhaineann le gach sárú ar na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag NEAFC a rinneadh le linn na bliana féilire roimhe sin agus na sáruithe sin fós liostaithe i ngach tuarascáil ina dhiaidh sin go dtí go dtabharfar na himeachtaí chun críche i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí; léireofar sa tuarascáil stádas na n-imeachtaí a bhaineann le gach sárú ar na bearta caomhnaithe agus go háirithe an bhfuil an cás ar feitheamh, an bhfuil sé faoi achomharc nó an bhfuil sé fós á imscrúdú, agus ina theannta sin tabharfar tuairisc i dtéarmaí sonracha sa tuarascáil ar aon smachtbhannaí nó pionóis a forchuireadh, luafar go háirithe méid na bhfineálacha, luach an éisc nó an trealaimh a forghéilleadh, aon rabhaidh i scríbhinn a tugadh agus, mura ndearnadh aon ghníomh, na cúiseanna leis sin.

2. Cuirfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 ar fáil i gcomhréir leis na teimpléid arna nglacadh ag NEAFC.
3. Tiomsóidh EFCA tuarascáil de chuid an Aontais ar bhonn thuarascálacha na mBallstát agus na faisnéise atá ar fáil faoi scéim cigireachta agus faireachais chomhpháirteach an Aontais. Seolfaidh EFCA tuarascáil an Aontais chuig an gCoimisiún faoin 20 Feabhra gach bliain. Seolfaidh an Coimisiún tuarascáil an Aontais chuig Rúnaí NEAFC faoin 1 Márta gach bliain.

Roinn 7

Bearta chun comhlíontacht soithí iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh a chur chun cinn

Airteagal 41

Raon feidhme

Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le soithí iascaireachta Páirtithe Neamh-Chonarthaigh, ar soithí iad a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh i ndáil le hacmhainní iascaigh i Limistéar an Choinbhinsiúin.

Amhaire ar shoithí iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh agus na soithí sin a shainaitheint

1. Déanfaidh na Ballstáit nó EFCA aon fhaisnéis maidir le soithí Páirtí Neamh-Chonarthaigh a bhfuarthas amharc orthu nó a sainaitheint ar shlí eile agus iad i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin a tharchur gan mhoill chuig EFCA agus an Coimisiún i gcóip. Cuirfidh EFCA Rúnaíocht NEAFC agus na Ballstáit eile go léir ar an eolas go pras faoi gach tuarascáil amhaire a gheobhaidh sé.
2. EFCA nó an Ballstát a fuair amharc ar shoitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh, féachfaidh sé leis an soitheach sin a chur ar an eolas gan mhoill go bhfuarthas amharc uirthi nó gur sainaitheint í ar bhealach eile agus í ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin agus, mura rud é gur dheonaigh NEAFC stádas Páirtí Neamh-Chonarthaigh chomhoibríoch do Stát brataí an tsoithigh sin, déantar a thoimhdiú dá bharr sin go bhfuil sí ag déanamh dochar do na bearta caomhnaithe agus bainistíochta arna nglacadh ag NEAFC.
3. I gcás soitheach iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh a bhfuarthas amharc uirthi nó a sainaitheint ar bhealach eile agus í ag gabháil do ghníomhaíochtaí trasloingsithe, tá feidhm ag an toimhde go bhfuil dochar á dhéanamh aici do bhearta caomhnaithe agus bainistíochta NEAFC arna nglacadh ag NEAFC maidir le haon soitheach eile de chuid Páirtí Neamh-Chonarthach a sainaitheint agus í ag gabháil do ghníomhaíochtaí den sórt sin in éineacht leis an soitheach sin.

Cigireachtaí ar muir

1. Iarrfaidh cigirí NEAFC cead dul ar bord agus cigireacht a dhéanamh ar shoithí iascaireachta de chuid Páirtí Neamh-Chonarhach a bhfuarthas amharc orthu nó a sainaithníodh ar bhealach eile agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéar an Choinbhinsiúin. Má thugann an máistir cead dul ar bord an tsoithigh agus cigireacht a dhéanamh uirthi, déanfar an chigireacht a dhoiciméadú trí thuarascáil chigireachta, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XVIII, a líonadh isteach.
2. Déanfaidh cigirí NEAFC cóip den tuarascáil chigireachta a tharchur gan mhoill chuig máistir shoitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh, chuig an gCoimisiún agus chuig EFCA. Seolfaidh EFCA an chóip ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht NEAFC. I gcás inar gá sin de réir na fianaise sa tuarascáil sin, déanfaidh Ballstát gníomhaíocht iomchuí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.
3. Mura dtoilíonn an máistir le dul ar bord agus cigireacht a dhéanamh ar a shoitheach nó mura gcomhlíonann sé aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 24 pointí (b) go (f), toimhdeofar go raibh soitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN. Cuirfidh cigire NEAFC EFCA agus an Coimisiún ar an eolas gan mhoill. Cuirfidh an Coimisiún Rúnaíocht NEAFC ar an eolas go pras.

Airteagal 44

Dul isteach sa chalafort

1. Tabharfaidh máistrí soithigh iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh a bhfuil sé beartaithe acu dul isteach i gcalafort fógra d'údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt i gcomhréir le hAirteagal 28. Cuirfidh an Ballstát calafoirt lena mbaineann an fhaisnéis sin ar aghaidh gan mhoill chuig Stát brataí an tsoithigh iascaireachta agus chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip.
2. Cuirfidh an Ballstát calafoirt toirmeasc ar shoithí iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh dul isteach ina chalafoirt mura bhfuil an réamhfhógra is gá maidir le dul isteach, dá dtagraítear in mír 1, tugtha acu.
3. Cuirfidh an Ballstát calafoirt an cinneadh toirmeasc a chur ar dhul isteach i gcalafort in iúl gan mhoill do mháistir shoitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh nó d'ionadaí thar ceann an mháistir, do Stát brataí an tsoithigh agus do Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip.

Airteagal 45

Cigireachtaí i gcalafort

1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar cigireacht ar gach soitheach iascaireachta de chuid Páirtí Neamh-Chonarthach a bhfuil cead aici dul isteach i gceann dá gcalafoirt i gcomhréir le hAirteagal 31(4) go (8). Ní cheadófar do shoitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh aon iasc a thabhairt i dtír ná a thrasloingsiú go dtí go mbeidh an chigireacht curtha i gcrích. Déanfar gach cigireacht a dhoiciméadú trí thuarascáil chigireachta dá bhforáiltear in Airteagal 33 a líonadh isteach.
2. Sa chás ina mainníonn máistir shoitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 24 pointí (b) go (f) a chomhlíonadh, toimheodfar go raibh an soitheach ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta NNN.
3. Déanfaidh an Ballstát calafoirt an fhaisnéis maidir le torthaí na gcigireachtaí uile ar shoithí iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh a dhéantar ina chalafoirt agus a bhaineann leis an ngníomhaíocht a dhéantar ina dhiaidh sin a tharchur láithreach chuig Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip.

Airteagal 46

Tabhairt i dtír, trasloingsiú agus úsáid calafoirt

1. Ní fhéadfaidh soithí Páirtí Neamh-Chonarthaigh tús a chur le tabhairt i dtír, trasloingsiú ná úsáid eile calafoirt go dtí go mbeidh údarú tugtha ag údarais inniúla Bhallstát an chalafoirt i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008.
2. Nuair a théann soitheach iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh isteach sa chalafoirt, diúltóidh na Ballstáit don soitheach sin acmhainní iascaigh a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú, a phróiseáil agus a phacáistiú agus seirbhísí eile calafoirt, lena n-áirítear athbhreoslú, athsholáthar, cothabháil agus cur i nduga tirim, más rud é:
 - (a) go ndearnadh cigireacht ar an soitheach de bhun Airteagal 45 agus go léiríonn an chigireacht go bhfuil speicis ar bord atá faoi réir mholtaí NEAFC, ach amháin má chuireann máistir an tsoithigh iascaireachta sin fianaise shásúil ar fáil do na húdarais inniúla a chruthaíonn gur gabhadh na héisc lasmuigh den Limistéar Rialála nó i gcomhréir le moltaí ábhartha uile NEAFC;
 - (b) nach gcuireann Stát brataí an tsoithigh iascaireachta sin, nó Stát brataí nó Stáit bhrataí na soithí iascaireachta deontóra i gcás ina raibh an soitheach ag gabháil d'oibríochtaí trasloingsithe, an dearbhú ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 29;
 - (c) i gcás inar mhainnigh máistir an tsoithigh sin in aon cheann de na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 24 pointí (b) go (f) a chomhlíonadh;

- (d) go bhfuair na Ballstáit fianaise shoiléir gur tógadh na hacmhainní iascaigh atá ar bord sna huiscí atá faoi dhlínse Páirtí Conarthach de shárú ar na rialacháin is infheidhme; nó
 - (e) go bhfuil cruthúnas leordhóthanach ag na Ballstáit go raibh an soitheach i mbun gníomhaíochtaí iascaireachta NNN ar shlí eile i Limistéar an Choinbhinsiúin nó gur thacaigh sí le gníomhaíochtaí iascaireachta den sórt sin.
3. I gcás diúltaithe de bhun mhír 2, cuirfidh na Ballstáit a gcinneadh in iúl do mháistir shoitheach iascaireachta an Pháirtí Neamh-Chonarthaigh nó d'ionadaí ar an mháistir agus do Rúnaíocht NEAFC agus an Coimisiún agus EFCA i gcóip.
 4. Ní tharraingeadh na Ballstáit úsáid a gcuid calafort siar i ndáil le soitheach iascaireachta Páirtí Neamh-Chonarthaigh mura bhfuil cruthúnas leordhóthanach ann nach raibh na forais ar ar diúltaíodh a n-úsáid leordhóthanach nó go raibh siad earráideach nó nach ann do na forais sin a thuilleadh.
 5. I gcás ina mbeidh a dhiúltú tarraingthe siar ag Ballstát de bhun mhír 4, tabharfaidh sé fógra go pras dóibh siúd a ndearnadh cumarsáid leo de bhun mhír 3.

Airteagal 47

Gníomhaíocht in aghaidh soithí atá ar liostaí NEAFC maidir le hiascaireacht NNN

1. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir le soithí iascaireachta atá ar liosta sealadach ('A') nó liosta deimhnithe ('B') NEAFC de shoithí a dhéanann iascaireacht NNN:
 - (a) go ndéanfar cigireacht orthu i gcomhréir le hAirteagal 45 nuair a théann siad isteach ina gcalafoirt;
 - (b) nach n-údarófar dóibh dul i dtír ná trasloingsiú ina gcalafoirt;
 - (c) nach dtabharfar cúnamh dóibh ar bhealach ar bith ná nach gceadófar dóibh a bheith rannpháirteach in aon oibríocht trasloingsithe ná oibríocht chomhpháirteach iascaigh a dhéanann soithí iascaireachta, soithí tacaíochta, soithí athbhreoslaithe, máthairlonga agus soithí lastais a bhfuil a mbratach ar foluain acu; agus
 - (d) nach gcuirfear soláthairtí, breosla, ná seirbhísí eile ar fáil dóibh.
2. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointí (b), (c) agus (d) maidir le soithí atá ar liosta 'A' de chuid NEAFC maidir le hiascaireacht NNN i gcás ina ndearnadh moladh do NEAFC gur cheart na soithí sin a bhaint de liosta 'A'.

3. De bhreis ar na bearta dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh na Ballstáit na bearta seo a leanas maidir le soithí atá ar liosta ‘B’:
- (a) toirmeasc a chur ar na soithí sin dul isteach ina gcalafoirt agus an toirmeasc sin a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagal 44(3);
 - (b) toirmeasc a chur ar údarú na soithí sin iascaireacht a dhéanamh in uiscí faoina ndlínse náisiúnta;
 - (c) toirmeasc a chur ar chairtfhostú na soithí sin;
 - (d) diúltú a mbratach a dheonú do na soithí sin;
 - (e) toirmeasc a chur ar éisc ó na soithí sin a allmhairiú;
 - (f) toirmeasc a chur ar allmhaireoirí, iompróirí agus earnálacha eile lena mbaineann táirgí iascaigh arna ngabháil ag na soithí sin a thrasloingsiú agus a thrádáil; agus

(g) aon fhaisnéis iomchuí a bhailiú agus a mhalartú le Ballstáit eile agus le Páirtithe Conarthacha eile seachas an tAontas nó Páirtithe Neamh-Chonarthacha comhoibríocha d'fhonn deimhniú bréagacha allmhairiúcháin/onnmhairiúcháin maidir le táirgí iascaigh ó na soithí sin a bhrath, a rialú agus a chosc.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1, pointe (d) agus mír 3 pointí (a) agus (d), i gcás ina gceadaítear do Pháirtithe Conarthacha soláthairtí, breosla nó seirbhísí eile a sholáthar nó a mbratach a dheonú do shoitheach ar liosta maidir le hiascaireacht NNN tar éis moladh a dhéanamh do NEAFC ar bhonn fianaise shásúil a léiríonn go bhfuil sé beartaithe soitheach a dhiúscairt nó í a athshannadh go buan chun críoch eile seachas gníomhaíochtaí iascaireachta.

TEIDEAL III

NA BEARTA IS INFHEIDHME MAIDIR LE HIASCAIGH PHEILIGEACHA ÁIRITHE

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 48

Raon feidhme

Mura bhforáiltear a mhalairt, tá feidhm ag an Teideal seo maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais agus soithí iascaireachta tríú tír a oibríonn in uisceí an Aontais agus a ghabhann d'iascaigh scadán (*Clupea harengus*), ronnach (*Scomber scombrus*), bolmán (*Trachurus spp.*) agus faoitíní gorma (*Micromesistius poutassou*) sna **limistéir gheograife seo a leanas**:

(a) Limistéar an Choinbhinsiúin; agus

(b) uisceí an Aontais de CECAF.

Caibidil II

Iascaigh pheiligeacha

Airteagal 49

Srianta ar shoithí iascaireachta peiligí maidir le láimhseáil agus scaoileadh gabhálacha

1. Is é 10 mm an t-uasmhéid spáis a bheidh idir barraí sa deighilteoir uisce ar bord soithí iascaireachta peiligeacha. Déanfar na barraí a tháthú in áit. Má úsáidtear poill sa deighilteoir uisce seachas barraí, ní rachaidh trastomhas uasta na bpoll thar 10 mm. 15 mm ar a mhéad a bheidh i dtrastomhas na bpoll sna fánáin atá os comhair an deighilteora uisce.
2. Beidh líníochtaí ar bord i gcónaí ag máistir soithigh iascaireachta peiligí a bhaineann leis na hacmhainní um láimhseáil agus scaoileadh gabhálacha. Deimhneoidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí na líníochtaí agus aon mhodhnú orthu. Seolfaidh an máistir cóip de na líníochtaí agus aon mhodhnú orthu chuig údaráis inniúla iascaigh an Bhallstáit brataí, a dhéanfaidh fíoruithe tréimhsiúla ar chruinneas na líníochtaí.
3. Tá toirmeasc ar shoithí iascaireachta peiligeacha iasc a scaoileadh faoina líne snámha, lena n-áirítear iad a scaoileadh ó umair mhaolánacha nó ó umair chuisnithe sháile.

4. Déanfar aon phointe sceite faoin líne snámha a shéalú. Mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit bhrataí údarú iascaireachta a eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 lena gceadaítear gan pointe sceite faoin líne snámha a shéalú, ar choinníoll:
- (a) gur féidir leis na húdaráis rialaithe faireachán a dhéanamh ar aon úsáid a bhaintear as an bpointe sceite trí chianmhodhanna leictreonacha; agus
 - (b) go dtugtar tuairisc ar an bpointe sceite agus ar na modhanna leictreonacha faireacháin a bhaineann leis sna líníochtaí deimhnithe dá dtagraítear i mír 2.

Airteagal 50

Srianta ar threalamh grádúcháin uathoibríoch a úsáid

- 1. Tá toirmeasc ar threalamh a d'fhéadfaí a úsáid chun scadáin, ronnaigh, faoitíní gorma nó bolmáin a ghrádú de réir méide a iompar nó a úsáid ar bord soitheach iascaireachta.
- 2. De mhaolú ar mhír 1, ceadáítear an trealamh sin a iompar ar bord agus a úsáid ar choinníoll:

- (a) maidir le hiomlán na gabhála gur féidir a choinneáil ar bord go dleathach
- (i) go ndéantar é sin a stóráil i riocht reoite;
 - (ii) go reoitear an t-iasc grádaithe díreach tar éis grádaithe, próiseála agus pacála agus nach gcuirtear aon iasc grádaithe ar ais san fharraige ach amháin i gcás seachtháirgí ar nós scairteach nó cloigne; agus
 - (iii) go ndéantar an trealamh a shuiteáil agus a shuíomh ar bord an tsoithigh ar chuma a áiritheoidh go ndéanfar an reo láithreach bonn agus nach ligtear speicis mhuirí a chur ar ais san fharraige;
- (b) gur baineadh an trealamh grádúcháin atá ar bord an tsoithigh d'fhoinsé cumhachta agus gur shéalaigh na húdaráis inniúla é sular cuireadh tús leis an turas iascaireachta, rud a fhágann nach féidir an córas grádúcháin a úsáid go dtí go mbainfidh na húdaráis inniúla na séalaí;
- (c) go bhfuil an soitheach iascaireachta feistithe le córais chianfhaireacháin leictreonacha ar bord chun comhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a fhíorú; nó
- (d) go bhfuil breathnóir ar bord an tsoithigh iascaireachta chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.

Airteagal 51

Na forálacha maidir le bogadh ar aghaidh

Athróidh máistrí soithí iascaireachta an limistéar iascaireachta ina n-oibríonn siad ó shuíomh ar bith in oibríocht iascaireachta roimhe sin ina bhfuil níos mó ná 10 %, de réir beomheáchain, de ghabhálacha d'aon cheann de na speicis dá dtagraítear in Airteagal 48 comhdhéanta de ghabhálacha atá faoi bhun na n-íosmhéideanna tagartha caomhnaithe ábhartha.

Caibidil III

Rialacha speisialta maidir le saoráidí meáite agus próiseála

Airteagal 52

Cianfhaireachas

1. Áiritheoidh Ballstáit an chalafoirt faireachas le teicneolaíochtaí ceamara agus braiteora ag saoráidí tabhartha i dtír agus próiseála ***maidir le tabhairt i dtír is mó ná 10 tona*** ina ndéantar níos mó ná ***3 000*** tona in aghaidh na bliana, ***san iomlán***, de na speicis dá dtagraítear in Airteagal 48 a mheá. ***Chun na críche sin, cuirfidh na Ballstáit ar fáil go poiblí liosta de na calafoirt dá gcuid a chomhlíonann na tairseacha sin agus de na cásanna ina bhfuil na ceanglais sin le cur i bhfeidhm.***
2. Beidh feidhm ag an bhfaireachas maidir leis na suíomhanna agus na saoráidí tabhartha i dtír agus próiseála agus cumhdófar sreabhadh an éisc arna thabhairt i dtír go dtí go mbeidh an mheá curtha i gcrích. Ní bhíonn feidhm ag an gceanglas seo agus gabhálacha a thugtar i dtír á n-iompar chuig an tsaoráid phróiseála agus mheáite.

3. Déanfaidh an duine atá freagrach as an meá an méid seo a leanas:
- (a) beoshruthú agus rochtain fíor-ama ar na sonraí faireachais a sholáthar do na húdaráis inniúla; agus
 - (b) na sonraí faireachais a stóráil ar feadh tréimhse íosta 6 mhí agus tréimhse uasta 3 bliana agus cóip de na sonraí stóráilte a sholáthar do na húdaráis inniúla arna iarraidh sin.
4. Is chun críoch rialaithe iascaigh amháin a úsáidfear na sonraí a gheofar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus ní úsáidfear iad chun daoine nádúrtha a shainaithint.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 53

Bainistiú sonraí, cosaint sonraí pearsanta agus rúndacht

1. Na sonraí pearsanta is gá chun Airteagal 7(2), Airteagal 13, Airteagal 14(1), Airteagal 15(1), Airteagal 16(1), pointe (d), Airteagal 17(3), (4) agus (5), Airteagal 20(2), Airteagal 21(2) go (5), (7) agus (8), Airteagal 22(2) agus (3), Airteagal 23(11) agus (12), Airteagal 24, pointí (f) agus (g), Airteagal 27(1) agus (2), Airteagal 28(1) agus (2), Airteagal 30(3) agus (4), Airteagal 31(5), Airteagail 33 agus 34, Airteagal 35(1), Airteagal 37(1), Airteagal 38(1), Airteagal 39, Airteagal 40(1) agus (3), Airteagal 42(1), Airteagal 43(1) agus (2), Airteagal 45(3), Airteagal 47(1) agus (3), Airteagal 49(2) agus (4), Airteagal 50(2), pointí (c) agus (d), agus Airteagal 52 a chur i bhfeidhm, déanfaidh údaráis na mBallstát, EFCA agus an Coimisiún iad a bhailiú agus a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

- (a) chun na hoibleagáidí a chomhlíonadh maidir le pointí teagmhála ábhartha a aithint agus sonraí iascaigh a mhalartú i gcomhréir le hAirteagail 7, 8, 13 go 19, 21, 22, 27 go 31, 33, 34, 35, 37 go 40, 42 go 46 49, 50 agus 52;
- (b) chun faireachán a dhéanamh ar dheiseanna iascaireachta lena n-áirítear glacadh cuótaí i gcomhréir le hAirteagal 18;
- (c) bailíochtú sonraí i gcomhréir le hAirteagal 17;
- (d) chun faireachán, rialú, cigireacht agus faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhréir le hAirteagail 19 go 47; agus
- (e) i gcomhair fiosrúcháin a bhaineann le gearáin, sáruithe, agus imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin, i gcomhréir le hAirteagail 35 go 40 agus 42 go 47.

2. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a fhaightear i gcomhréir leis an Rialachán seo a stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá chun na críche a bailíodh iad agus, in aon chás, tráth nach faide ná 5 bliana ón mbailiú, ach amháin i gcás sonraí pearsanta is gá chun go bhféadfar gearáin, sáruithe agus imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a fhiosrú, ar sonraí iad a fhéadfar a choinneáil go dtí deireadh an nós imeachta lena mbaineann, na n-imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha nó an ama is gá chun smachtbhannaí a chur i bhfeidhm. Má dhéantar an fhaisnéis a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, déanfar na sonraí a anaithnidiú.
3. Measfar gur rialaitheoirí mar a shainítear in Airteagal 4, pointe (7) de Rialachán (AE) 2016/679 iad údarais na mBallstát i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta a bhailíonn siad agus a tharchuireann siad de bhun an Rialacháin seo.
